

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2004

BORD AN LÁRIONAID CÓIREÁLA DRUGAÍ

Ábhar

Misean agus Fís

Faoin DTCB

Comhaltaí Boird

Ráiteas an Chathaoirligh

Tuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta

Tuarascáil an Stiúrthóra Chliniciúil

Treochtaí i 2004

misean

Seirbhís andúile speisialtach a chur ar fáil a oibríonn ar bhealach teiripeach, cineáltach agus comhoibritheach, agus ag an am céanna a thugann stiúir agus eolas ar an gcleachtas is fearr.

fís

Mar an Lárionad Cóireála Drugaí is mó agus is faide bunaithe sa tír, is é ár n-aidhm leanúint de bheith ag cur réimse leathan cóireálacha speisialtacha ar fáil do dhaoine a bhíonn ag tógáil drugaí agus nach bhfuil aon dídean acu agus dóibh siúd a dteastaíonn idirgabháil speisialta síciatrach, síceolaíoch, sóisialta agus liachta uathu. Is é ár n-aidhm chomh maith leis sin:

- leanúint de bheith ag feabhsú agus ag forbairt na seirbhísí a thairgimid ó thaobh cóireála a thabhairt i gcás mhí-úsáid substaintí
- cur le polasaí chóireáil drugaí agus
- gníomhú mar ionad acmhainne agus oiliúna lárnaigh do ghairmithe a oibríonn sa réimse mhí-úsáid substaintí.

Mar sheirbhís speisialtach cuirimid le polasaithe a bhíonn ag féachaint ar aghaidh maidir le cóireáil, cosc, oideachas, athshlánú, iarchúram, agus cláir chúraim dhóthaineacha a fhorbairt dóibh siúd a ghoilleann mí-úsáid substaintí orthu.

I gcomhar le lucht oideachais, le gníomhaireachtaí reachtúla, deonacha agus pobail eile, déanaimid ár ndícheall chun spiorad neamhspléachais agus rogha a chothú i measc cliant, agus chun an cleachtas is fearr a fhorbairt agus a chur chun cinn i gcóireálacha teiripeacha agus cliniciúla.

Is cuid dhílis é taighde ó thaobh measúnaithe a dhéanamh ar éifeachtacht cleachtas atá ann cheana féin agus ó thaobh forbairt a dhéanamh ar fhorbairt polasaí chuí. Tugaimid tacaíocht dó sin trí shonraí a chur ar fáil atá mar thoradh ar thaighde atá bunaithe ar fhianaise, agus ar an dóigh sin ag laghdú an tuilleamaí ar fhianaise scéaltach. Soláthraíonn ár seirbhís speisialtach chomh maith leis sin cleachtas bunaithe ar fhianaise a thacaíonn le léargas a fháil maidir le héifeachtacht cóireálacha reatha agus an cleachtas is fearr laistigh den réimse andúile. Mar sin, agus mar mhol do sheirbhísí andúile, is é ár n-aidhm tosaíocht a thabhairt agus faisnéis a chur ar fáil maidir leis an gcleachtas is fearr agus cur le polasaí chóireáil drugaí.

faoi

Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí (DTCB)

Bunaíodh Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí, ar a tugadh an tSeirbhís Náisiúnta Chomhairleach agus Chóireáil Drugaí roimhe, i 1969 agus is í an tseirbhís chóireála is faide bunaithe sa tír. Lonnaíodh í ar dtús ag an “Otharlann Charthanachta”, in Ospidéal Shráid Jervis, Baile Átha Cliath 1, a bunaíodh i 1718. Is ó theaghlach a raibh baint acu leis an ionad ó 1909 é Cathaoirleach reatha Bhord an Lárionaid Chóireála Drugaí, an tUasal Denis McCarthy. Ag deireadh 1987, dúnadh Ospidéal Sráid Jervis. Bunaíodh Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí le hionstraim reachtúil i 1988 agus bhog sé go dtí áitreabh nua i gCúirt na Tríonóide, 30-31 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2. Faighimid ár maoiniú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (ó Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir roimhe sin).

Táimid tiomanta do chóireáil éifeachtach d’ardchaighdeán agus atá dírithe ar an gcliant a chur ar fáil. Soláthraítear é sin ar bhealach cineálta, gairmiúil, ag glacadh riachtanais aonair ár gcliant san áireamh laistigh de shocrúchán ildhisciplíneach. Tairgimid treoir agus oiliúint do ghairmithe eile a bhíonn ag obair sa réimse mhí-úsáid substaintí agus cuirimid le forbairt polasaí maidir le bainistíocht drugaí agus andúile.

I gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile, cuireann Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí cláir choiscitheacha, chóireála, athshlánaithe agus iarchúraim ar fáil d’eisothair agus d’othair chónaitheacha leis na droch-éifeachtaí a bhaineann le handúile drugaí a laghdú agus chun cosc a chur le scaipeadh HIV agus galair ionfhabhaithe eile.

Cuirtear saoráidí cóireála d’eisothair ar fáil ar an láthair. Tá saoráidí díthoscailte d’othair chónaitheacha lonnaithe i mBarda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath (aonad 10 leaba) agus i gCuan Dara, Ospidéal Cherry Orchard, Baile Átha Cliath (aonad 17 leaba).

Chomh maith leis sin cuirimid seirbhís Shaotharlann Náisiúnta Anailís Drugaí ar fáil a thacaíonn le polasaí cóireála, a dhéanann monatóireacht ar threochtaí agus a thacaíonn le pleanáil seirbhíse agus leis an gcleachtas is fearr ó thaobh cóireála a thabhairt i mí-úsáid drugaí agus cúram agus bainistiú a dhéanamh air. Tacaíonn ár rannán taighde le cleachtas atá bunaithe ar fhianaise ó thaobh polasaí chóireáil drugaí agus forbairtí cliniciúla.

San áireamh i Seirbhísí Cliniciúla Speisialtachta ar an láthair tá:

Measúnú Liachta agus Síciatrach Ginearálta

- Measúnuithe síciatriacha do ghníomhaireachtaí bhord sláinte eile
- Cosc ar Ionfhabhuithe Víreasacha agus Cóireáil
- Seirbhísí Cúraim Príomha
- Clinic Sláinte Gnéis
- Seirbhísí Idirchaidrimh Mhná Cabhracha
- Cláir Chóireála—mí-úsáid Polasubstaint
- Clár do Dhaoine Óga (YPP) (19 mbliain d’aois agus faoi)
- Seirbhísí comhairleacha do ghairmithe eile

Seirbhísí Eile

- Sláinte Oibre
- Comhairleoireacht agus Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh
- Seirbhísí Obair Shóisialta
- Grúpaí speisialtachta i gcás mí-úsáid cóicín agus alcóil

- Seirbhísí Leasa
- Teiripeacha Comhlántacha
- Seirbhísí For-rochtana
- Seirbhísí Seomra Súgartha Intí
- Ranganna Litearthachta
- Taighde
- Liosta Cóireála Lárnach
- Saotharlann Náisiúnta Anailís Drugaí

Ráiteas an Chathaoirligh

Is cúis mhór áthais dom ár dTuarascáil Bhliantúil 2004 a sheoladh. Tugann sí cuntas eolasach ar ár ngníomhaíocht agus ar ár bhforbairtí le linn 2004 agus ar ár bpleananna don todhchaí.

Tá an tuarascáil curtha ar fáil tar éis dúinn ár 35ú bliain a cheiliúradh ag seachadadh seirbhísí speisialtacha sa réimse mhí-úsáid substaintí. Mar an tseirbhís chóireála is faide bunaithe agus is mó in Éirinn, táimid brodúil as an gcuidíú suntasach atá tugtha againn i dtaca le polasaí chóireáil drugaí agus chleachtas drugaí le linn an ama seo. Tríd ár seirbhísí speisialtacha agus ár saineolas, leanaimid ag forbairt an chleachtais is fearr maidir le cóireáil, cúram agus bainistiú mhí-úsáid substaintí agus saincheistanna gaolmhara.

I stair ár n-Eagraíochta, bhí an bhliain 2004 mar cheann de na blianta ba fhiú a choinneáil i gcuimhne toisc gurbh í an bhliain a ndearnamar ceiliúradh 35 bliain cothrom bliain ár mbunaithe. Ba é cuairt an Uachtaráin, Máire Mhic Ghiolla Íosa, ar ár n-ionad ar 18 Bealtaine buaicphointe na bliana 2004. Agus plaic á nochtadh aici chun an ócáid a cheiliúradh, ghabh an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa buíochas leis an mBord as “scór agus cúig bhliain déag d’obair fhíor-riachtanach”. Ina theannta sin thug sí aitheantas do chonas, thar na blianta, “a d’fhorbraigh, a d’athraigh, a d’oiriúnaigh, a d’fhoghlaim agus a mhúin” ár seirbhísí. Táimid buíoch di as ucht a cuid focal cineálta agus as ucht an spreagartha uaithi agus sinn ag brú ar aghaidh.

Le linn 2004 chuidigh roinnt imeachtaí chun ár n-eagraíocht a chomharthú agus í 35 bliain ann. Mar chuid dár tiomantas chun leanúint le forbairt agus oideachas g(h)airmiúil, sheolamar sraith sheimineár tráthnóna, “Ag foghlaim ón am atá thart.....forbairt don todhchaí”. Bhí freastal maith orthu ó ghairmithe sa réimse chúram sláinte agus uathusan atá ag obair sna gnéithe uile de sheirbhísí andúile. I measc na ngníomhaíochtaí eile bhí seachtain iomlán le haghaidh cliant agus a gcuid leanaí, lá teaghlaigh don fhoireann agus searmanas cuimhneacháin agus buíochais dóibh sin uile a d’fhreastail ar ár seirbhísí le linn an 35 bliain atá thart.

Bhí riméad orm glacadh le bronntanas ónár mBord a thug suntas don bhaint fhada a bhí ag mo theaghlach leis an Otharlann Charthanachta (dá ngairtear Iontaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta) d’ Ospidéal Shráid Jervis, Baile Átha Cliath, nach bhfuil ann a thuilleadh. Táim thar a bheith buíoch agus is mór an onóir dom é.

Cé go rabhthas broidiúil ag díriú ar ár 35ú bliain, leanadh le hobair an Bhoird. Ag glacadh leis na srianta ó thaobh leibhéil foirne agus leis an maoiniú forbartha teoranta, leanamar ar aghaidh ag cur feabhais ar chaighdeán ár gcuid seirbhísí. Táimid tógtha i gcónaí le tiomantas agus dúthracht leanúnach ár bhfoirne.

I ndiaidh an dea-thoradh a bhí ar an gclár píolótach nualach cóireála ar an láthair Heipitéas C i 2003, rinneamar tuilleadh forbartha ar an tseirbhís seo i 2004 agus leathnaíomar amach í.

Leanann ár saotharlann de bheith mar an soláthraí scagtha drugaí agus mí-úsáide is mó go náisiúnta. I 2004 leanamar ag díriú ar n-aird ar ullmhú agus ar fhorbairt chórais d’ardchaighdeán chun iad a chur faoi bhráid Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann le haghaidh creidiúnaithe do chaighdeán 150 17025, rud a bhfuiltear ag súil leis a bheith críochnaithe i 2005.

Is ábhar mór inní é i gcónaí don Bhord an méadú suntasach in úsáid cóicín. Táimid ag leanúint de bheith ag forbairt freagraí iomchuí inár seirbhís seachadta.

I 2004 leanamar le próiseas comhairliúcháin le seirbhísí fiachlóireachta an tÚdarás Sláinte don Réigiún Thoir/ an Bhord Sláinte do Limistéar an Iardheiscirt chun seirbhís fhiachlóireachta ar an láthair a bhunú. Táimid ag thúth len é seo a chur chun cinn.

Lean ár mBord ag léiriú tiomantais maidir le seirbhísí d'ardchaighdeán agus baint a bheith ag custaiméirí le cúrsaí. Bhí áthas orainn bheith páirteach i gclár píolótach foirmiúil an tÚdarás Sláinte don Réigiún Thoir “Tá Tábhacht le Daoine---creatlach chun gearáin a láimhseáil”. Bhí ról cuimsitheach agus luachmhar ag ár gCoiste Eiticí, leis an mBreithneamh Kevin Lynch mar chathaoirleach air, lena chinntiú gur de réir na gcaighdeán eitice is airde a bhí na moltaí taighde go léir a breithníodh. Aithníonn an Bord tiomantas agus cuidiú an Bhreithimh Kevin Lynch mar Chathaoirleach agus tiomantas agus cuidiú an Choiste.

Aithníonn an Bord cuidiú an Chomhairleora Christy Burke a d'éirigh as ár mBord i nDeireadh Fómhair 2004 mar ionadaí an tÚdarás Sláinte don Réigiún Thoir tar éis díscailleadh an Údaráis.

Leanamar chomh maith lenár straitéis ICT a chur i bhfeidhm lenar thacaigh tionscnaimh luach ar airgead i 2004. Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí Córas Leictreonach Othar, rud a chuirfidh ar ár gcumas feabhas a chur ar thuairisciú bainistíochta agus ár bpróisis reatha a dhéanamh uathoibritheach agus ar an dóigh sin feabhas a chur ar ár seirbhís do chliant.

I 2004 rinne an Bord coimisiniú ar athbhreithniú neamhspleách ar ár bplean straitéiseach 1999-2004 agus chuir sé tús le forbairt ár straitéise le haghaidh 2005-2010. Dhearbhaigh an t-athbhreithniú neamhspleách seo gur sháraigh an Bord a chuspóirí go mór. Táimid ag tnúth le tógáil ar a bhfuil bainte amach againn go rathúil go dtí seo maidir lenár straitéis amach anseo a sheachadadh agus le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe sa réimse Sláinte (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Gníomhaireachtaí Deonacha Reachtúla) i dtaca le seirbhísí sláinte éifeachtacha d'ardchaighdeán a cheapadh, a fhorbairt agus a sheachadadh dóibh siúd atá ag gabháil do mhí-úsáid substaintí.

I 2005 tá ar intinn againn críoch a chur le tionscadal athchóirithe don bhealach isteach dár gcliant agus feabhas a chur ar ár gcóras aerála. Méadóidh agus feabhsóidh na feabhsuithe seo sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine go léir a bheidh ag freastal ar ár seirbhísí.

Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le hÍontaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le hÚdarás Sláinte Réigiún an Oirthir (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anois) as a dtacaíocht leanúnach. Tá an t-ádh orainn grúpa bainisteoirí agus foirne a bheith againn atá fuinniúil agus dírithe ar agus tiomanta don obair. Faoi stiúir an Bhoird agus an Bhainisteora Ghinearálta, Sheila Heffernan, cuireann an fhoireann ar ár gcumas tógáil ar a bhfuil bainte amach againn. Sa todhchaí táimid ag tnúth le bheith ag obair le Feidhmeannacht nua na Seirbhíse Sláinte chun seirbhís speisialtacht chóireáil drugaí d'ardchaighdeán a chur ar fáil. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le mo chomhghleacaithe ar an mBord, leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann as an sár –obair atá déanta acu.

Denis P. McCarthy
Cathaoirleach
Samhain 2005

Tuarascáil an Bhainisteora Ghinearálta

I 2004 leanamar ag tógáil ar sheirbhísí atá ann cheana féin trí chlár caighdeáin feabhsaithe a leanúint chomh maith le forbairt a dhéanamh ar ár gcumas chun tosaíocht a thabhairt agus faisnéis a chur ar fáil maidir leis an gcleachtas is fearr. Tá An Straitéis Sláinte, Cáilíocht agus Cothroime—Córas Sláinte Duitse, An Baile a Bhaint Amach—plean gníomhaíochta do dhaoine gan dídean i mBaile Átha Cliath 2004-2006 agus An Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008 i measc na bpríomhdhoiciméad atá mar bhonn taca ag straitéisí agus pleananna an Bhoird. Fáiltimid roimh Leasú na Seirbhíse Sláinte agus na deiseanna agus na dúshláin a thugann sin dúinn agus ár dtiomantas á leanúint againn maidir le cúram d'ardchaighdeán atá dírithe ar an gcliant a chinntiú.

Chuireamar seirbhísí cóireála speisialtacha ar fáil sa réimse diagnóis shíciatrach agus dé-dhiagnóis agus saineolas ar anailís treochta ó thaobh mhí-úsáid drugaí. Tig linn breathnú siar anois ar an méid atá déanta ag ár n-eagraíocht, agus a dhéanaimid i gcónaí, ó thaobh cóireála, cúraim agus bainistiú mhí-úsáid substaintí.

I 2004 bhí 119,179 cuairt ó chliant ar Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí. Tugadh seirbhís do 1,698 duine, agus den líon sin rinneadh measúnú ar 931 díobh nó tugadh cóireáil dóibh. I 2004 ba é an cóimheas idir fir agus mná a tugadh cóireáil dóibh ná 2:1.

Tá an méadú in úsáid cóicín ag leanúint. Rinneadh tástáil ar 145,105 sampla in iomlán ó 8,871 othar le haghaidh cóicín agus astu sin bhí 9% a raibh cóicín glactha acu. Tá clár d'fhorbairt bhreise foirne ann a chinntíonn go bhfuilimid sa riocht is fearr chun seirbhísí iomchuí a sheachadadh don ghrúpa seo. Cuimsíonn ár bpleananna don todhchaí seirbhísí a sholáthar a bheidh curtha in oiriúint go sonrach dóibh siúd atá ag úsáid gríosaithe.

In éineacht le seirbhísí síciatracha rinne ár ndochtúirí 536 measúnú síciatrach seachtrach do chliant na mBord Sláinte, Barda Naomh Mhichíl – Ospidéal Beaumont agus do chliant phoiblí ag freastal ar Ionad Rutland. Thacaigh an tseirbhís seo le tús a chur le hidirghabhálacha cóireála iomchuí agus dá bharr bhíothas in ann aire a thabhairt dóibh ag an leibhéal áitiúil.

I 2004 chuireamar críoch lenár ról mar láthair phíolótach chun “Tá Tábhacht le Daoine-creatlach chun gearáin i réigiún an Oirthir a láimhseáil ar bhealach feabhsaithe agus go héifeachtach” a chur i bhfeidhm. Ó críochnaíodh é tá an creatlach seo curtha i gcrích againn ar fud ár n-ionaid. Léiríonn sé ár gcultúr trédhearcachta agus fhócas custaiméara agus cabhraíonn sé le forbairt níos leithne a dhéanamh maidir le caighdeáin a bhunú don chleachtas is fearr. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun comhghairdeas a dhéanamh leis an bhfoireann go léir a raibh baint acu leis an obair píolótach seo.

Thugamar tuairisc i 2003 ar an gclár cóireála nuálach píolótach Heipitéas C a rinneadh. Ba é ba aidhm leis an scéim píolótach seo ná a chruthú go ndearna cóireáil ar an láthair, i socrúchán chóireáil drugaí speisialtach, éascaíocht ó thaobh othair a choinneáil i gcóireáil Heipitéas C. Mar a bhí beartaithe, i 2004 le tacaíocht Roche leathnaíomar an clár cóireála seo go dtí na cliant go léir a bhí ag freastal ar ár gclinic. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach ó Roche, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus ón Dochtúir Colm Bergin, Dochtúir Comhairleach i nGalair Thógálacha, Ospidéal Naomh Shéamais.

I 2003 thuariscíomar go raibh na córais ardchaighdeáin á n-ullmhú agus á bhforbairt ag ár saotharlann náisiúnta do Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann (INAB) go dtí caighdeán ISO 17025. Caitheadh an bhliain 2004 ag tógáil ar an obair seo agus ba iad na torthaí a baineadh amach ná gur críochnaíodh Lámhleabhar Ardchaighdeáin agus gur cuireadh an Córas Ardchaighdeáin ISO 17025 i gcrích. Rinne an tsaotharlann iarratas agus ghabh sí trí Réamh-Mheasúnú go dtí caighdeán

an ISO 17025 le Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann. Tá córas lán-iniúchta i dtoll a chéile againn anois agus tá polasaí leanúnach feabhsaithe á fheidhmiú againn. Bhí aschur dearfach ón bpróiseas seo agus táthar ag súil leis go mbainfear creidiúniú amach i 2005.

Fuair ár Seirbhís Leasa iomlán de 1,718 fiosrúchán i 2004; méadú 12% ar an méid a fuarthas i 2003. Dáil shuntasach arís ab ea cúrsaí cóiríochta agus tithíochta i gcás daoine a chuireadh ar aghaidh chuig an tseirbhís le hiomlán de 958 tarchur, líon a chuimsigh 55% de na fiosrúcháin ar fad. Is é aidhm na seirbhíse a chinntiú go mbeidh rochtain ar an tseirbhís go héasca ag na cliant go léir.

I 2004 rinneamar tuilleadh forbartha ar an mbaint a bhíonn againn leis na heagraíochtaí reachtúla agus deonacha eile ar a n-áirítear; Dublin Simon Outreach, Cóiríocht Bhrú Simon Bhaile Átha Cliath, Aonad Tithíochta Access, Aonaid do Dhaoine gan Dídean, Bainistíocht Eastát Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath agus Táirseach. Tá laghdú tagtha ar líon na ndaoine atá ag codladh amuigh agus bhí ar ár gcumas cóiríocht a chur ar fáil do chliant go tapaidh agus dá bhrí sin, trí thimpeallacht sheasmhach a sholáthar, bhí ar chumas cliant páirt a ghlacadh sna cláir. D'éirigh linn 35 duine a cuireadh ag aghaidh chugainn a chur i gcóiríocht phríomháideach ar cíos.

Táimid ag leanúint den ár gcóras TE a chur i bhfeidhm i gcomhréir lenár Straitéis Theicneolaíocht Fhaisnéise agus Chumarsáide (2002). I 2003 cuireadh tús le tasc chun scóip Chóras Othar Leictreonach a aithint a chuirfidh tuilleadh lenár gcumas seirbhíse agus tuairiscithe agus sinn ag leanúint ag tabhairt tosaíochta agus faisnéise maidir leis an gcleachtas is fearr. I 2004 luíomar isteach ar an tionscadal fíorthábhachtach seo.

Le linn 2004 leanamar lenár gclár chun feabhas a chur ar ár saoráidí trí dheontais chaipitil. San áireamh anseo bhí críoch a chur le tionscadal athchóiriú ardaitheora agus tús le córais aerála a chur isteach agus oibreacha beaga tógála istigh.

Mar chuid de cheiliúradh 35 bliain ár mbunaithe thugamar faoi roinnt imeachtaí. Ba í cuairt an Uachtaráin Máire Mhic Ghiolla Íosa buaicphointe don eagraíocht agus í ann ar feadh 35 bhliain. Tá cuimhne againn ar na focail chineálta uathí agus í ag tabhairt aitheantais dár gcuid oibre agus spreagartha don todhchaí. Tionóladh Seachtain Iomlán ó 10-14 Bealtaine 2004 do chliant ag cur raon imeachtaí ar fáil ar a n-áirítear Machnamh, Yoga, Coinní Gruaige, Rang Chúram Craicinn agus Chúram Sláinte, Cneasú Reiki, Suathaireacht Chinn Indiach agus Rang Sláinte d'Fhir. Is mór againn inchur na dteiripí gairmiúla sin a chuir a gcuid ama ar fáil saor in aisce chun an clár iontach imeachtaí seo a chruthú. Bhí deis ag cliant páirt a ghlacadh sa chlár agus bhain siad taitneamh mór as na himeachtaí.

San áireamh inár gceiliúradh 35 bliain bhí imeachtaí do pháistí ár Seomra Súgartha. Bunaithe ar aosghrúpaí na bpáistí socraíodh turais le linn míonna an tSamhraidh go dtí Teach Newbridge agus a chuid Gairdíní ag Donabate, go dtí Gairdíní na n-Ainmhithe, Baile Átha Cliath, agus go dtí an Viking Splash Tour. Táimid buíoch de Chlár Thacaíocht Phobail Bhus Átha Cliath as a dtacaíocht leanúnach dár n-imeachtaí Theiripe Súgartha. Bhain na páistí agus foireann an Aonad Theiripe Súgartha taitneamh thar na bearta as na himeachtaí.

Ar 7 Deireadh Fómhair thionóladh Seirbhís Chuimhneacháin agus Bhuíochais. Chum na cliant agus an fhoireann clár filíochta, léitheoireachtaí, obair ealaíne agus ceoil. Bhí áthas orainn gur chan an t-amhránaí agus an scríbhneoir amhrán, Mr Luka Bloom, dúinn. Toisc é a bheith i láthair cuireadh leis an ócáid an-speisialta seo. I ndiaidh na seirbhíse, bhí fáiltiú ann a thug deis do gach éinne bualadh lena chéile agus machnamh a dhéanamh ar chúrsaí.

I 2004 rinne an Bord coimisiniú ar athbhreithniú neamhspleách ar ár bplean straitéiseach 1999-2004 agus ar fhorbairt ár straitéise le haghaidh 2005-2010. Bhí próiseas comhairliúcháin fairsing i gceist

anseo leis na geallscairshealbhóirí tábhachtacha go léir agus críochnófar é go luath i 2005. Táimid ag féachaint romhainn don chuidiú a thabharfaidh ár straitéis chun seirbhís d'ardchaighdeán agus iomchuí sláinte a chinntiú.

Táimid mórtasach as an gcumas atá againn foireann d'ardchaighdeán agus le taithí mhaith a mhealladh. Baintear é seo amach trí fheachtais earcaíochta straitéiseacha agus nuálacha a fhorbairt. Don dara bliain as a chéile ainmníodh an Bord don ghradam tionscail cáiliúil le haghaidh foirfeachta i bhfógraíocht earcaíochta. Glactar leis na gradaim “Excellence in Recruitment Advertising” go forleathan toisc go dtugann siad aitheantas d'fhógraí earcaíochta a bhíonn ag féachaint chun cinn agus féachtar orthu mar na gradaim is cáiliúla sa tír. Is cúis mhór bhróid don Bhord glacadh leis an ainmniúchán seo don dara bliain agus déanann sé comhghairdeas leis an rannán as a bhfuil bainte amach acu.

Thar ceann an Bhoird, na bainistíochta agus na foirne, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hÍontaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le hÚdarás Sláinte Réigiún an Oirthir as an dtacaíocht leanúnach a thugann siad. Agus sinn ag dul ar aghaidh táim ag tnúth le bheith ag obair le Feidhmeannacht nua na Seirbhíse Sláinte. Tá an cuspóir céanna againn chun turas an othair/an chliant a fheabhsú agus chun timpeallacht oibre níos fearr a chur ar fáil don fhoireann. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt chomh maith don tacaíocht leanúnach a fhaighimid ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ó Focus Ireland, ón mBord Taighde Sláinte, ó Ospidéal Naomh Shéamais, ó Chuan Dara, ó Ospidéal Cherry Orchard agus ó Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, chomh maith leis an tacaíocht a fhaighimid ónár bpáirtneirí iomadúla sa réimse deonach agus reachtúil, ó na gnóthais sa phobal áitiúil agus ó na soláthróirí sheirbhíse phobail eile.

Le linn ár 35ú bliain de bheith ag seachadadh seirbhíse thug Mr Dan McGing, comhalta Boird, omós don Chathaoirleach, Mr Denis P. McCarthy, thar ceann an Bhoird agus bhronn sé dealbh déanta as dair phortaigh air. Ba mhaith liom féin aontú leis an omós seo go pearsanta agus buíochas a ghlacadh leis as ucht a thacaíochta pearsanta le linn 2004.

Ar deireadh ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh leis an mBord as ucht an dtacaíocht leanúnach uathu.

Is léiriú é an tuarscáil ar obair chrua agus ar thiomantas an Bhoird agus na foirne a d'oibrigh go dícheallach, le linn 2004, chun ár seirbhísí a fheabhsú.

Sheila Heffernan
Bainisteoir Ginearálta
Samhain 2005

Tuarascáil an Stiúrthóra Chliniciúil

Ba bhliain eile de dhúshlán í 2004 maidir le peirspictíocht chóireála. Bíonn fadhbanna iomadúla ag go leor cliant agus tá sé riachtanach mar sin go gcuirtear pleananna cóireála in oiriúint don duine aonair laistigh de chreatlach iomlán. Tá sé seo soiléir ach go háirithe i gcás ár bhfreagraí, agus ár n-idirghabháil, ar an méadú in úsáid cóicín. Tá an t-ádh orainn go bhfuil ár bhfoireann ildhisciplíneach an-oilte agus go n-oibríonn siad ar bhealach an-ghairmiúil.

Tá an rath go leanúnach ar ár gclár cóireála Heipitíteas C faoi chúram agus mhaoirseacht an Dochtúra Shay Keating agus leathnaíodh é amach tuilleadh agus, ar an dóigh sin, ag cur ar chumas breis cliant leas a bhaint as an gcóireáil seo.

Tá áthas orm go bhfuil tóir chomh mór sin ar an oiliúint speisialtach a chuirimid ar fáil do Dhochtúirí Ospidéal nach Dhochtúirí Comhairleacha iad agus gur éirigh le roinnt dóibh sin a rinne an scrúdú iontrála i 2004.

Le linn na bliana rinneadh athbhreithniú neamhspleách ar ár ngníomhaíochtaí uile agus cuireadh plean straitéiseach le chéile. Táimse, i dteannta mo chomhghleacaithe gur dochtúirí comhairleacha iad, an Dochtúir Eamon Keenan, an Dochtúir Brion Sweeney, an Dochtúir Siobhán Rooney agus an Dochtúir Bobby Smyth, ag tnúth leis an bplean a chur i bhfeidhm i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, le gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla.

Bhí an-thacaíocht ar fáil, mar a bhí riamh, ó Chathaoirleach ár mBoird, Mr Denis McCarthy, agus ón mBainisteoir Ginearálta, Ms Sheila Heffernan, le linn 2004. Is mór agam tiomantas leanúnach fhoireann Bhord an Lárionad Cóireála Drugaí, foireann Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, foireann Chuan Dara agus foireann Ospidéal Cherry Orchard.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leo uile sa toadhcháil.

An Dochtúir John O' Connor
Stiúrthóir Cliniciúil
Síciatraí Comhairleach i Mí-Úsáid Drugaí
Samhain 2005

Ag Soláthar

Prionsabail Sheachadadh ár Seirbhíse

For-ordaíonn Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí na prionsabail mar atá siad leagtha amach ag an Straitéis Sláinte, Cáilíocht agus Cothroime: Córas Sláinte Duitse (2001), an Straitéis Náisiúnta Aids 2000 agus Straitéis Náisiúnta Drugaí na hÉireann 2001-2008 maidir le seachadadh seirbhíse d'ardchaighdeán a sholáthar, caighdeán chomhsheasmhacha i dtaca le forbairtí nua a phleanáil agus struchtúr cuntasachta atá soiléir agus cuimsitheach. Tá pleananna cóireála bunaithe ar leanúnachas cúraim agus ar chur chuige príomh-oibr maidir le seirbhís gan locht a sholáthar.

Mar soláthróir speisialtach tugaimid aghaidh ar réimsí mar na réimsí seo a leanas:

- A chinntiú go mbíonn gach seirbhís cothrom, éasca rochtain a fháil orthu agus oiriúnach do riachtanais
- Comhionannas--aithnítear go bhfuil stádas comhionannais ag cliant le gach cliant chúram sláinte eile agus caitear amhlaidh leo, agus rochtain acu ar sheirbhísí príomhshrutha
- Neamhspleáchas agus rogha
- Cosc éifeachtach agus cur chun cinn sláinte
- Lánstaonadh a bhaint amach, nuair is féidir é sin a dhéanamh
- Dochar a laghdú.

Tá déanamh agus seachadadh ár seirbhísí dírithe ar chliant agus ar a dteaghlaigh. Táimid tiomanta chun dul i mbun comhairliúcháin d'ardleibhéal le cliant ag cur tuairimí cliant san áireamh maidir le forbairtí nua seirbhíse, pleanáil straitéiseach agus measúnú a dhéanamh ar sheirbhísí atá ann cheana féin. Leanaimid ag forbairt ár bhFóram Úsáideoirí Seirbhíse lena chinntiú go mbeidh pleanáil chumarsáide agus sheirbhís tacaíochta éifeachtach i bhfeidhm agus tionscnaimh d'ardchaighdeán.

I 2004 bhíomar páirteach mar shuíomh píolótach do “Tá Tábhacht le Daoine—creat oibre le gearáin a láimhseáil ar bhealach feabhsaithe agus go héifeachtach i Réigiún an Oirthir”. Tá glactha againn leis an gcreat a mbeidh mar thoradh air go mbeidh feabhas mór ann maidir le gearáin a láimhseáil i Réigiún an Oirthir. Léiríonn sé chomh maith ár gcultúr trédhearcachta agus fhócas custaiméara a thuilleadh agus cabhraíonn sé le forbairt níos leithne a dhéanamh maidir le caighdeán a bhunú i gcás an chleachtais is fearr agus, ar an dóigh sin, ag cinntiú go mbeidh riachtanais chustaiméirí agus cumarsáid leo mar thosaíocht i gcónaí.

Leanaimid ag soláthar seirbhísí dóibh siúd a mbíonn deacracht acu teacht ar sheirbhísí den sórt sin, lena n-áirítear daoine gan dídean/ar an imeall, daoine fásta óga, mionlacha eitneacha agus iad sin a bhfuil fadhbanna casta andúile acu.

Treochtaí 2004

	2004	2003	% +/-
An líon iomlán cuairteanna ó chliaint	119,179	117,150	+2%
An líon daoine a fuair seirbhísí	1,698	1,462	+16%

I 2004 d'fhreastail 1,698 duine aonair le haghaidh seirbhísí, agus den líon sin rinneadh measúnú ar 952 díobh nó glacadh isteach iad inár gcláir chóireála. Bhain an 746 cliant a bhí fágtha leas as seirbhísí éagsúla lenar áiríodh idirghabhálacha síciatracha, síceolaíochta agus socheolaíochta. I 2004 ba é an cóimheas fir le mná ná 2:1.

Próifíl inscne cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a fuair cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2004

	2004	
	Minicíocht	Colún %
Fear	634	66.6%
Bean	318	33.4%
Iomlán	952	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Aoise Cásanna a ndearnadh Measúnú orthu nó a fuair Cóireáil ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2004

	Minicíocht	Colún %
16-19	43	4.5%
20-29	497	52.2%
30-39	310	32.6%
40+	102	10.7%
Iomlán	952	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Stádas maireachtála cásanna a ndearnadh measúnú orthu nó a fuair cóireála ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2004

Foinse: Córas
Tuiriscithe
Rannóg
Mhí-Úsáid
Taighde Sláinte

	Minicíocht	Colún %
Cóiríocht Sheasta	643	67.5%
Institiúid (príosún, clinic)	7	.7%
Gan Dídean	188	19.7%
Cóiríocht eile nach bhfuil seasta	66	6.9%
Ní fios	48	5.0%
Iomlán	952	100.0%

Náisiúnta
Drugaí, an
Thaighde ar
Drugaí, Bord

Substaint leis an bhfadhb is mó do chásanna a cuireadh ar aghaidh le haghaidh measúnaithe nó le haghaidh cóireála ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2004

	Minicíocht	Colún %
Codlaidíneacha	870	91.4%
Cóicín	29	3.0%
Benzodiazepines	32	3.4%
Ionanáiltheoirí Soghalaithe	2	.2%
Canabas	7	.7%
Alcól	10	1.1%
Substaintí eile	2	.2%
Iomlán	952	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta Tuiriscithe Drugaí, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord
Taighde Sláinte

Príomhshubstaint a tuairiscíodh do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh d'úsáid shubstainte a raibh fadhb léi ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2004

	Minicíocht	Colún %
Codlaidíneacha	47	94.0%
Canabas	1	2.0%
Alcól	2	4.0%
Iomlán	50	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Príomhshubstaint leis an bhfadhb is mó trí bhealach a tugtha do chásanna nua a tugadh cóireáil dóibh d'úsáid shubstainte a raibh fadhb léi ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2004

Bealach Tugtha

	Instealladh	Tabac	Ithe/Ól	Ní Fios	Iomlán
Codlaidíneacha	29	13	3	2	47
Canabas	0	1	0	0	1
Alcól	0	0	2	0	2
Iomlán	29	14	5	2	50

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl inscne do chásanna 19 mbliana d'aois agus faoi a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2004

	Minicíocht	Colún %
Fir	28	65.1%
Mná	15	34.9%
Iomlán	43	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

Próifíl Aoise do chásanna 19 mbliana d'aois agus faoi a ndearnadh measúnú orthu nó a tugadh cóireáil dóibh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2004

	Minicíocht	Colún %
16	5	11.6%
17	8	18.6%
18	18	41.9%
19	12	27.9%
Iomlán	43	100.0%

Foinse: Córas Náisiúnta Tuairiscithe Drugaí, an Rannóg Thaighde ar Mhí-Úsáid Drugaí, Bord Taighde Sláinte

I 2004, rinneadh measúnú ar 43 duine óg nó tugadh cóireáil dóibh. Den líon sin cuireadh 33 duine isteach ar ár gclár agus den líon sin tosaíodh ar chóireáil do 10 nduine don chéad uair. Cuireadh 10 nduine ar aghaidh go dtí seirbhísí iomchuí eile.

Liosta Cóireála Lárnach

Is liosta náisiúnta é de chliant a bhfuil cóireáil mheatadóin á fáil acu an Liosta Cóireála Lárnach (LCL) atá á bhainistiú ag an mBord.

I nDeireadh Fómhair 1998 tugadh isteach Prótacail Meatadóin agus é mar cheangal ar gach othar a raibh meatadón á fháil aige/aici a bheith ar chlár náisiúnta. Bhí ról tábhachtach ag an Liosta Cóireála Lárnach ó thaobh é sin a chur i bhfeidhm go sásúil.

I 2004, tugadh Metadóin do 8,364 cliant in iomlán ar fud na tíre; de na cliant sin tháinig 702 ar an Liosta don chéad uair riamh, líon ab ionann is 8.4% den fhigiúr ar fad. Bhí teacht ag 388 cliant ó lasmuigh de Réigiún an Oirthir d’Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte ar sheirbhísí, líon ab ionann is 5% den fhigiúr ar fad.

Ar 31 Nollaig 2004 bhí 7,301 cliant cláraithe ar an Liosta Cóireála Lárnach, líon is ionann agus méadú 418 ar fhigiúr 2003 agus is méadú 6% é sin.

Leanann an Liosta Cóireála Lárnach mar acmhainn do ghairmithe a bhfuil baint acu le cóireáil, cúram agus bainistiú mhí-úsáid drugaí ar bhonn náisiúnta agus fáiltítear roimh fhoilsiú an athbhreithnithe den Phrótacail Meatadóin a rinne an Roinn Sláinte agus Leanaí, a chinnteoidh creat cleachtais is fearr amach sa todhchaí.

Liosta Cóireála Lárnach 2003 agus 2004

	2003	2004	% +/-
Líon Iomlán na gCliant	8155	8364	+3%
Líon Iomlán na gCliant Nua ar an LCL	753	702	-7%
Líon Iomlán na gCliant ar an LCL ar 31 Nollaig	6883	7301	+6%
Líon na gCliant ar fad lasmuigh de Réigiún an Oirthir d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	316	388	+22%

Ag Stiúradh

Seirbhísí Heipitíteas C

Is é Heipitíteas C an t-ionfhabhtú víreasach is mó coitianta i measc úsáideoirí drugaí in Éirinn. As an 13,500 duine a mheastar a ghlacann drugaí trí fhéitheacha i limistéar Bhaile Átha Cliath, creidtear go bhfuil Heipitíteas C ag thart ar 80% díobh. Tá cur chuige gníomhach i gcónaí ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí maidir le Heipitíteas C ó thaobh oideachais, scagtha agus cóireála de.

Tar éis fhoilsiú ár leabhráin “Hepatitis C, a guide for drug users and their families” fanann an foilseachán seo mar chloch choirnéil maidir le hoideachas uainn faoi Heipitíteas C agus clúdaíonn sé réimsí cosúil le conas a dtig le duine ionfhabhtú a fháil, conas a dtig le duine ionfhabhtú a sheachaint agus cén cóireáil atá ar fáil faoi láthair. I 2004 bhí an Dochtúir Keating mar chathaoirleach ar “fho-ghrúpa cóireála” do dhoiciméad teorach Heipitíteas C do Réigiún an Oirthir d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, doiciméad atá le foilsiú go gairid.

Tairgimid polasaí scagtha víreasaigh agus vacsainiú Heipitíteas C do gach duine nua go dtí an tseirbhís agus dóibh siúd uile a dhféadfadh a bhí nochtaithe do Heipitíteas C. Leanaimid le clinic “siúl isteach” Heipitíteas C a fheidhmiú gach maidin Dé Céadaoin dóibh siúd a dteastaíonn tacaíocht agus oideachas uathu maidir le Heipitíteas C agus gur gá go ndéanfar iad a chur ar aghaidh chuig cúram treasach.

Tar éis gur éirigh leis an staidéar píolótach chóireáil Heipitíteas C ar an láthair, a rinneadh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí i 2003 agus i gcomhar leis an Aonad um Ghalar Ionfhabhtaithe ag Ospidéal Naomh Shéamais, táimid tar éis an tseirbhís seo a leathnú go dtí gach iarrthóir oiriúnach ag an gclinic. Ba iad na príomhspríocanna deiridh ná go n-éireodh leis an gcóireáil, arna thomhas tríd an víoras a bheith glanta go buan 24 seachtain tar éis na cóireála agus coinneáil i gcóireáil. Ba iad na spríocanna tánaisteach ná bainistiú sheacghalair liachta agus síciatracha ar an láthair le buansheasmhacht leanúnach drugaí. Maíonn torthaí ón staidéar píolótach go bhféadfaí coinneáil i gcóiríocht a éascú trí theiripe a bhreathnófaí uirthi go díreach i suíomh chlinic drugaí le bealaí bunaithe le haghaidh tacaíochta iomchuí liachta agus síciatracha. Réitíonn staidéir éifeachtachta go maith le cóireáil ospidéal-bhunaithe. Tá an staidéar ullamh le haghaidh a fhoilsiú.

Oibríonn ár seirbhís, le tacaíocht ó fhoireann dhílis, leis an gcliant aonair agus lena dteaghlaigh. Sháraigh an freastal ar na clinicí “siúl isteach” agus “cóireála” Heipitíteas C le chéile líon 1481 duine le linn 2004.

Clinic Warfarin

I 2001 bunaíodh clinic ainmnithe do na hothair sin a fhaigheann teiripe warfarin le haghaidh trombóis doimhinfhéithe nó eambalacht scamhógach. Déantar teiripe warfarin a dháileadh sa chlinic trí theiripe a bhreathnaítear uirthi go díreach agus déantar coigeartú ar an míosúr leighis mar is cuí. Rítear an clinic seo i gcomhoibriú leis na hospidéal ghinearálta.

Freastail ag Clinicí Speisialtachta 2004

	2004
Warfarin	529
Heipitíteas C	1481

Clinicí Sláinte Gnéis

Ritear na clinicí gnéis, a bunaíodh i 2000, ar bhonn seisiúnach i gcomhpháirtíocht leis an bhFeidhmeannas Míochaine Úraiginitíúil agus Galair Ionfhabhtaíocha (G.U.I.D.E.) de chuid Ospidéal Naomh Shéamais, Baile Átha Cliath. Tairgtear an tseirbhís seo do gach cliant a fhreastalaíonn ar ár gclinic. Is é an aidhm atá ag an tseirbhís ná sláinte gnéis a chur chun cinn agus agus feasacht a mhúscailt maidir le hionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.

I 2004, baineadh amach cuspóir lárnach a bhí ann chun líon na bhfear a bhí ag baint leasa as an tseirbhís a mhéadú trí bhreis fógraíochta a dhéanamh ar an tseirbhís in áiteanna fheitheamh cliant. Thug an fhógraíocht inspreagadh do mhná a bhí ag freastal a gcuid páirtneírí a thabhairt leo agus iad ag freastal ar chomhairliúchán. Bhain an fhoireann cliniúil feidhm chomh maith as cur chuige forghníomhach le buntáistí na seirbhíse a chur chun cinn.

Déantar measúnú ar gach gné de shláinte gnéis agus d'fheasacht gnéis. Cuirtear scagadh iomlán ionfhabhtaithe gnéas-tarchurtha ar fáil do chách agus seirbhís tástála sméartha ceirbheacsáigh do mhná. Tairgtear comhairle ar shláinte gnéis agus chomh maith leis sin tairgtear daoine a chur ar aghaidh chuig clinicí speisialtacha le haghaidh breis scrúdaithe.

Clár do Dhaoine Óga (YPP)

Is í aidhm an Chláir do Dhaoine Óga, a bunaíodh i 2001, freastal ar na riachtanais mhéadaithe atá ag daoine óga atá ag iarraidh cóireála do mhí-úsáid substaintí, agus go leor díobh gan dídean. Glacann an clár cur chuige de réir córais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fhisiciúla, shíceolaíochta, mhothúchána agus shóisialta an duine óig. Cuirtear tús leis sin le measúnú cuimhsitheach a dhéanann foireann ildhisciplíneach chun plean cóireála a fhorbairt. Tacaíonn eochairchóras oibre leis na pleananna cóireála seo agus déanann sé monatóireacht agus athbhreithniú orthu. Déantar gach dícheall chun go mbeadh teaghlach an duine óig agus/nó duine/daoine tábhachtach(a) eile páirteach sa mheasúnú, sa chóireáil agus sna cruinnithe athbhreithnithe.

Faigheann an clár tacaíocht ó fhoireann ildhisciplíneach atá tiomanta, le hardscileanna agus le taithí. Ag féachaint do na riachtanais iomadúla atá ag daoine óga a bhfuil fadhbanna tromchúiseacha acu le drugaí oibrimid i gcomhar le gníomhaireachtaí seachtracha trí chomhphleanáil cúraim agus obair idirghníomhaireachta.

Tá fadhbanna an-mhóra andúile ag formhór na ndaoine óga a fhreastalaíonn ar an tseirbhís (go hiondúil do hearóin/chóicín) agus bhí taithí ag go leor díobh a bheith gan dídean. Mar sheirbhís threasach tá an cumas againn measúnuithe a dhéanamh ar dhaoine óga a chuirtear ar aghaidh ó ghníomhaireachtaí eile sa chás go mbíonn inní ann ag eascairt as iad a bheith ag úsáid drugaí. Cuireann an clár fáilte roimh na daoine óga seo a chuirtear ar aghaidh agus féachtar ar na tarchuir mar chuid dhílis dár ghníomhaíochtaí idirghníomhaireachta.

I 2004, bhí tinrimh de 4,941.

Seirbhísí Teiripeacha YPP

- Teiripe Teaghlaigh
- Comhairleoireacht Aonair
- Idirghabhálacha Gairide
- Agallaimh Inspreagtha
- Idirghabháil Ghéarchéime

- Clár Éarlais Gheilleagair (Token Economy Programme)

Seirbhísí Cóireála Liachta YPP

- Cobhsú
- Díthocsainiú
- Meatación
- Buprenorphine
- Faire galair fola/víreasacha
- Cur Chun Cinn Sláinte Gnéis

Seirbhísí Speisialtacha YPP

- Measúnuithe sláinte intinne leanáí agus ógánaigh
- Measúnuithe síceolaíochta agus forbartha
- Clinicí sláinte gnéis
- Seirbhísí mná cabhracha idirchaidrimh
- Teiripeacha comhlántacha
- Obair shóisialta agus measúnú chúram leanáí agus tacaíocht

Clár Sóisialta YPP

- Obair ghrúpa
- Ealaín agus Dearadh
- Forbairt Phearsanta
- Scríbhneoireacht chruthaitheach
- Ranganna ceoil
- Oideachas litearachta
- Réiteach fadhbanna
- Cosc ar athiompú
- Imeachtaí Áineasa agus turais

Tá an Clár do Dhaoine Óga (YPP) tiomanta d'fhorbairt taighde sna réimsí seo a leanas: riachtanais dhaoine óga a ghlacann drugaí, éifeachtacht cóireála agus cúiseolaíocht úsáid drugaí i measc ógánach. Bunaíodh fo-choiste taighde chun na críche seo i 2004. Thosaigh Cláraitheoir staidéar tuairisciúil agus rinne Síceolaí Cliniciúil Sinsearach staidéar torthaí. Bíonn cruinniú comhaltaí foirne uair amháin sa mhí chomh maith. Freisin, tairgeann an YPP deiseanna foghlamtha éagsúla d'oiliúnaithe, ó chúltraí ilghairme, trí shochrúcháin oibre maoirsithe.

I 2004, ullmhaíodh plean tionscadail mionsonraithe chun a chinntiú go bhfuil cóireáil sa YPP ag teacht leis an gcleachtas is fearr go hidirnáisiúnta. Tugadh isteach ionstraim measúnaithe nua do dhaoine óga a cuireadh ar aghaidh le haghaidh cóireála mar gheall ar mhí-úsáid substaintí. Tugadh isteach polasaithe agus nósanna imeachta sna réimsí seo a leanas; measúnú, rúndacht, taifid chliniciúla, pleanáil chóireála, cobhsú agus díthocsainiú, obair thábhachtach, athbhreithnithe cóireála, obair idirdhisciplíneacha agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Bunaíodh grúpa tacaíochta teaghlaigh chomh maith le cóiríocht bhreise a fháil d'obair dhuine le duine agus do theiripe theaghlaigh. Tairgeadh teiripí comhlántacha, rekie agus teicnicí scíthe ina measc, do chliant ag freastal ar an YPP.

Le linn 2004 eagraíodh éagsúlacht turas le haghaidh cliant ag freastal ar an YPP. Tugadh isteach córas Éarlais Gheilleagair (Token Economy Programme) i ndíol ar thorthaí maithe cóireála. Is é

aidhm an éarlais gheilleagair ná cosc a chur ar spleáchas cliant nua ar benzodiazepine, a seansanna luathchobhsaithe a mhéadú agus a gcumas a fheabhsú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na cuspóirí sonracha ina bpleananna cóireála. Rinneadh naisc fheabhsaithe leis an lucht siúil. Bhí béim níos mó ar dhíthocsainiú seachas coinneáil meatadóin agus bhí méadú i líon na ndaoine óga a cuireadh ar aghaidh chuig ár seirbhísí othair. D'oibrigh comhaltaí foirne an YPP ar láthair amuigh chun teagmháil a mhéadú le daoine óga leochaileacha.

I 2005, tá beartaithe cur le méid na dteiripí comhlántacha a thairgtear do dhaoine óga ar a n-áirítear; teiripe ealaíne, suaithearacht chinn Indiach, frithluail agus bainistiú iomlán teannais agus Buprenorphine agus Lofexidine a thabhairt isteach mar roghanna chomh maith le meatadóin do chobhsú agus do dhíthocsainiú. Tá sé beartaithe ceardlanna oibre faisnéise agus sláinte a chur ar siúl a chlúdóidh ábhair cosúil le sláinte gnéis, iarmairtí úsáid drugaí, sláinte iomlán, saincheisteanna oiliúna agus fostaíochta agus saincheisteanna laghdú dochair agus cur le méid na dturas sóisialta agus oideachasúil do dhaoine óga.

Ag Tabhairt Eolais

Saotharlann Náisiúnta Anailís Drugaí

Cuireann ár saotharlann an tseirbhís scagha “drugaí mí-úsáide” is mó sa tír ar fáil. Tacaíonn sé le hidirghabhálacha cóireála iomchuí agus le treochtaí náisiúnta i mí-úsáid substaintí a aithint.

Faigheann an tsaotharlann samplaí fuail agus fola ó láithreacha éagsúla go náisiúnta, ina measc ionaid chóireáil drugaí, clinicí saithilíte, dochtúirí teaghlaigh, eagraíochtaí deonacha, Boird Sláinte, an Roinn Oideachais, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Promhadh agus Leas agus Cúirt Drugaí Bhaile Átha Cliath. Ag dul i méid i gcónaí, mar chuid d’fhoireann ilhdhisiplíneach, bhí baint ag an saotharlann le cláir chabhracha d’fhostaithe do chomhlachtaí gairmiúla cosúil leis an mBord Altranais agus le Comhairle na nDochtúirí Leighis.

Le linn 2004 rinneamar in iomlán 810,000 tástáil ar 149,051 sampla fuail agus fola (517 sampla agus 148,534 sampla faoi seach).

Bhain éagsúlacht leis an raon tástála speisialtach a rinneadh agus is féidir é a bhriseadh síos faoi na ceanteidil seo a leanas:

- **Drugaí Mí-Úsáide Aindleathacha**—Hearóin (6-AM), Amfataimínú, Ectasaí, Canabas agus Cóicín
- **Drugaí Mí-Úsáide Dleathacha**—Benzodiazepines, Codlaidíní, Alcól, Frithdhúlagraín Tricyclic agus Zopiclone (Zimovane)
- **Drugaí Teiripeacha**—Meatadóin (Meatadóin agus EDDP araon) agus Benzodiazepines
- **Bithcheimic**—Toircheas, glúcós, creatinine, pH, Sainmheáchan, Níotráití.

Áirítear i measc na bpríomhchineálacha ionstraimíochta a úsáideadh, Leacht Ard-Oibrithe Crómatagrafaíocht (HPLC), Crómatagrafaíocht Gáis (GC-MS), Anailísíteoirí Uathoibríthiteacha Ceimice Cliniciúile agus córais Elisa.

Le linn 2004 tharla seo a leanas maidir le tástáil:

- Tugadh isteach promhadh Creatinine ar bhonn teoranta i 2004 (le haghaidh céannachtaí benzodiazepine). Táthar ag súil leis an promhadh seo a leathnú go dtí na samplaí go léir amach anseo, tá ar chumas an phromhaidh seo a dhéanamh amach cibé ar truaillmheascadh sampla nó nár truaillmheascadh é.
- Tugadh isteach promhadh shéaram meatadóin Elisa ag úsáid an chórais Elisa a ceannaíodh i 2003, rud a chuir feabhas le cruthánas.
- Tugadh isteach seiceáil ar na méadair Alco ag baint úsáide as gás caighdeánach le leibhéal aitheanta alcóil. Ba chabhair é seo do na foirne cliciciúla a chinntiú go bhfuil trealamh thástáil anáile le haghaidh alcóil atá cailibríthe á úsáid acu. Ceannaíodh an tseirbhís seo cheana.
- Rinneadh measúnú ar immunoassays Oxycodone agus Buprenorphine in oirchill ar riachtanais amach anseo.
- Rinneadh sraith dhaingean d’imeachtaí coimeádta a dhréachtú agus fuarthas sraith trealamh coimeádta. Chuathas i mbun na nósanna imeachta seo i 2004 agus bhí siad rí-úsáideach áit a bhfuil gá le promhadh atá inchosanta ó thaobh an dlí.
- Tá feabhas curtha ar rianú samplaí laistigh de Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí, rud a d’fheabhsaigh amanna casadh timpeall.
- Bunaíodh meicnicí le gníomhaireachtaí seachtracha chun tacú le promhadh gruaige.
- Cuireadh tús i 2004 leis an módh chéad ghlúin eile chun Benzodiazepine ar GC-MS a aimsiú.

Tá toradh sár-mhaith i gcónaí ag an saotharlann sa dá scéim phromhadh inniúlachta, Austox agus UKNEQAS.

Caitheadh cuid mhaith de 2003 ag ullmhú agus ag forbairt na gcóras cáilíochta do Bhord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann (INAB) le tabhairt chuig caighdeán ISO 17025. Caitheadh 2004 ag tógáil ar an obair seo agus is iad na torthaí a baineadh amach ná an Leabhrán Cáilíochta a chríochnú agus an Córas Cáilíochta ISO 17025 a chur i bhfeidhm. Rinne an tsaotharlann iarratas ar an gcaighdeán ISO 17025 le Bord Creidiúnaithe Náisiúnta na hÉireann (INAB) agus ghabh sí faoi Réamh-Mheasúnú leis an mBord sin. Tá córas lán-iniúchta i dtoll a chéile againn anois agus tá polasaí leanúnach feabhsaithe á fheidhmiú againn. Bhí aischothú dearfach ón bpróiseas seo agus meastar go mbainfear creidiúnú amach i 2005.

Ag cur le ISO 17025 agus le tiomantas an Bhoird do sheirbhís d'ardchaighdeán tá a fócas custaiméara á fhorbairt ag an saotharlann i gcónaí trí bhualadh níos minicí le custaiméirí agus trí mheasúnachtaí a iarraidh orthu ar bhonn rialta. Is próiseas leanúnach é seo.

Tá an tsaotharlann ag gabháil go hiomlán chomh maith maidir le sonraí na saotharlainne a chur ar fáil do chustaiméirí seachtracha sna seirbhísí andúile tríd an gcóras DAIS. Caitheadh cuid mhaith de 2004 ag féachaint isteach i riachtanais úsáideoirí DTCB agus DAIS. Tá an tionscadal seo le bheith críochnaithe go luath i 2005 agus, i gcás úsáideoirí DAIS, cuirfidh sé feabhas ar a dteacht ar thorthaí thástáil drugaí.

Bhí páirt ag an saotharlann sa mheasúnú teicniúil ar chleachtadh sholáthar Chóras Faisnéise na Saotharlainne Náisiúnta a rinne Bord Sláinte an Oirthuaiscirt agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Idir an dá linn chun tacú lenár n-obair fuair an Bord córas eatramhach LIS chun cuidiú lenár leanúnachas gnó tábhachtach.

Tugadh isteach an uirlis thuairiscithe, tuairiscí Crystal, agus rinneadh í a himeascadh inár gclár feabhsaithe leanúnach. Ligeann sé seo don saotharlann tuarascálacha a mhúnlú go sonracha agus tuairisciú a fheabhsú dár gcustaiméirí.

Fuarthas an Próiseálaí Bhainistiú Oibre Paradigm chomh maith agus cuireadh isteach é. In éineacht leis an gcóras cáilíochta Saotharlainne tá ar chumas na saotharlainne leis an mbogearra seo feidhmiú níos éifeachtaí trí smacht dhian ar dhoiciméadú, trí bhainistiú ionstraim agus trí mhodúil fheabhsaithe leanúnacha.

Cuireadh feabhas ar chaighdeán shábháilteachta sa saotharlann i 2004. Ba fhorbairtí tábhachtacha iad súilbheart shábháilteachta oidis a sholáthar, bainistiú feabhsaithe ar thuaslagóirí contúirteacha agus oiliúint foirne.

Mar chuid dá tiomantas d'fhorbairt cháilíochta agus acadúil, tá roinnt den fhoireann ag gabháil d'fhorbairt acadúil ag lucht na saotharlainne agus tá ball amháin den fhoireann cláraithe le haghaidh ghradam Máistireachta trí thaighde leis an Dochtúir Des Corrigan sa Scoil Chógaisíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Baineann an obair atá ar siúl ag an mball foirne seo go díreach le forbairtí reatha sa saotharlann.

Cuireadh macléinn fochéimí (Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Chógaisíochta) ó Shráid Chathail Bhruigha ar thaithí oibre sa saotharlann.

Thug ball den saotharlann caint ar “Só Alcóil agus Fionnadh” dár bhfoireann altranais. Tugadh oiliúint dár bhfoireann saotharlainne, d’fhoireann Ospidéal Naomh Shéamais agus d’fhoireann Ospidéal an Mater ar bhogearra PSP agus ar iniúchadh inmheánach faoi seach.

Tugadh roinnt ionstraimí seanchaite mar bhronntanas do DIT Sráid Chaoimhín le húsáid i gCúrsaí in Eolaíochtaí Bitheolaíochta d’fhochéimithe/d’iarchéimithe.

Bhí ionadaíocht ag an saotharlann ag cruinniú den joint Society of Forensic Toxicology (SOFT)/The International Association of Forensic Toxicologists (TIAFT) i Washington DC agus d’freastail ball amháin den fhoireann ar an gcéad chruinniú den UK & Ireland Forensic Toxicology Network.

Comhthoghadh ár bPríomhbhithcheimicí go foirmiúil ar fhochoiste Luath Rabhaidh agus Treochtaí ag Éirí Aníos den Choiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí. Ba chóir go gcabhródh an tosca seo le gluaiseacht fhaisnéise ón Saotharlann Anailís Drugaí go dtí an gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí a bhfuil tionchar aige ar fhorbairt pholasaí agus ar phleanáil.

Taighde

Ba chuid lárnach é taighde riamh agus is cuid lárnach é i gcónaí maidir lenár gcuid oibre. Tugann ár tseirbhís deis le haghaidh taighde tríd ár gcleachtas cliniciúil. Tacaítear leis seo ag saotharlann anailís drugaí ar an láthair agus ag scéimeanna oiliúna fostaíochta a bhfuil taighde mar dhúthchuid díobh. Tugtar tacaíocht bhreise dó le Síciatraithe Comhairleacha a bhfuil taithí leathan acu sa réimse. Trí thaighde tá sé mar aidhm againn forbairtí nua sa réimse andúile a stiúradh, sonraí a chur ar fáil ar éifeachtaí polasaí agus tionchar a bheith ar chleachtas chóireáil drugaí sa todhchaí.

Áiríodh ar an taighde a rinneadh i 2004:

Bealaí chuig Seirbhísí Chóireáil Andúile do Dhaoine Óga

Críochnaíodh staidéar arna choimisiniú ag an Údarás Sláinte do Réigiún an Oirthir (ERHA) ar “Bealaí chuig Seirbhísí Chóireáil Andúile do Dhaoine Óga” i 2004. Ba é an bonnmhíniú a bhí leis an rannpháirtíocht ná tacaíocht a thabhairt do phleanáil seirbhísí andúile sa todhchaí do dhaoine óga faoi aois 18 i limistéir cheantar an ERHA. Ba é an cuspóir a bhí ann ná scrúdú a dhéanamh orthu seo a leanas:

- taithí an phróiseas tharchurtha cóireála
- fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar chinneadh duine óg leanúint ar aghaidh i gclár chóireáil drugaí
- taithí an teaghlaigh ar chlár cóireála a mic nó a n-iníon.

Bhí iomlán de céad is a fiche hocht duine páirteach sa staidéar taighde seo (28 duine óg, 11 tuismitheoir agus 89 duine a cuireadh ar aghaidh don staidéar). Den fiche is a hocht duine óg a chomhlánaigh ceistiúchán, bhí seacht nduine déag ag freastal ar chlár cóireála, bhí cóireáil críochnaithe ag ochtar agus d’éirigh triúr as cóireáil. Léiríodh taithí dhaoine óga a raibh baint acu go díreach le mí-úsáid substaintí chomh maith le taithí a dtuismitheoirí agus taithí ghairmithe agus aithníodh an gá do sheirbhísí sonracha chun freastal ar riachtanais chasta dhaoine óga a raibh baint acu le mí-úsáid substaintí.

D’aithin dhá cheann de na príomhfhionnachtana go gcaithfidh seirbhísí bheith in ann freastal ar riachtanais úsáideoirí ildhrugaí agus an gá do chumarsáid níos fearr ag seirbhísí andúile ógánta le geallscairshealbhoirí tábhtachta.

Tá an páipéar seo ar fáil ar ár suíomh idirlín www.addictionireland.ie

Cóireáil Heipitéas C ar an Láthair laistigh de shocrúchán chóireáil drugaí speisialtach

Tar éis an staidéar píolótach cóireála Heipitéas C ar an láthair ar éirigh leis, a rinneadh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí, táimid tar éis an tseirbhís seo a leathnú go dtí gach iarrthóir oiriúnach ag an gclinic. Ba iad na príomhchonclúidí ná éifeachtacht chóireála, arna thomhas le glanadh vírasach leanúnach 24 seachtain tar éis cóireála agus coinneáil i gcóireáil. Ba iad na conclúidí tánaisteacha ná bainistiú sheachghalair liachta agus síciatrach ar an láthair le buanseasmhacht leanúnach drugaí. Maíonn torthaí ón staidéar píolótach go bhféadfar coinneáil i gcóireáil a éascú trí theiripe a bhreathnaítear uirthi go díreach i socrúchán chlinic drugaí le bealaí bunaithe le haghaidh thacaíocht liachta agus síciatracháil iomchuí. Léiríonn staidéir éifeachtachta comparáid fhabhrach le hionaid chóireála bunaithe in ospidéal. Tá an staidéar seo réitithe lena fhoilsiú.

Coiste Eiticí

Leanann ár gCoiste Eiticí, a bunaíodh i 2002, ag tabhairt tacaíochta dár rannán taighde. Is é a ról comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le gach taighde laistigh den Bhord. Chas an Coiste le chéile ar feadh 2004 chun athbhreithniú agus breithmheas a dhéanamh ar mholtaí éagsúla taighde, agus an Breithneamh Kevin Lynch mar Chathaoirleach air.

Tá ionadaíocht ar an gcoiste ó lucht liachta, dlí, bainistíochta agus tuata. Aithníonn an Bord a dtacaíocht, a ndíograis agus a dtiomantas.

Eolas a Scaipeadh

Tá ról tábhachtach oideachasúil i gcónaí ag ár saoráidí leabharlainne leathana chomh maith le rochtain a thabhairt d'fhostaithe agus do mic léinn mar chuid dá n-oideachas leanúnach. Tá an tseirbhís ar fáil i gcónaí do ghairmithe a bhíonn ag féachaint ar rochtain a fháil ar irisí speisialtacha agus ar fhoilseacháin. Freisin fuairamar iarratais fhoirmiúla ar eolas faoi andúile ó mhic léinn, ó thuismitheoirí, ó soláthróirí seirbhíse eile agus uathusan a mbíonn baint acu le mí-úsáid substaintí.

Ardaíonn i gcónaí líon na gcuariteoirí a théann isteach chuig ár suíomh gréasáin, www.addictionireland.ie, gach bliain. Ar an méan tháinig 77% de na daoine isteach chuig ár láithreán go díreach tríd ár seoladh shuíomh gréasáin. Bhí an líon daoine a chuaigh isteach chuig an suíomh go háirithe ard le linn fheachtais earcaíochta, le linn chlár sheimineár tráthnóna agus le linn dár dTuarascáil Bhliantúil 2003 a sheoladh. Le linn na dtráthanna seo d'ardaigh an líon daoine a chuaigh isteach chuig an suíomh suas go dtí 85%. I 2004, le cabhair ó Chlár Thacaíocht Phobail Bhus Átha Cliath tá tuilleadh feabhais curtha againn ar ár suíomh gréasáin trí chuid a chur ann dar teideal Ceisteanna a Chuirtear go Minic (FAQ). Tugaimid aitheantas do agus gabhaimid buíochas le Bus Átha Cliath as a dtacaíocht leanúnach.

Tá páipéir taighde a chuir Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí agus na daoine sin a bhaineann lenár n-eagraíocht le chéile ar fáil ar ár suíomh gréasáin (www.addictionireland.ie).

Sraith de Sheimineáir Oideachais Tráthnóna

Le linn 2004 reachtálar sraith de sheimineáir a d'éirigh go hanmhaith leo "Learning from the Past—Learning for the Future". Cúig sheimineár a bhí sa sraith, le fad 90 nóiméad i ngach ceann díobh, agus d'éirigh go hanmhaith leo. D'fhreastail breis is 300 gairmithe sa réimse chúram sláinte agus na daoine sin a bhíonn ag obair i ngach gné de na seirbhísí andúile orthu .

I 2005 cuirimfid ár n-acmhainní oideachais ar fáil ar fud na tíre.

Ag Cothú

Seirbhísí Cliniciúla

Soláthraimid seirbhís chóireála speisialtach do lucht thógail drugaí agus bíimid de shíoraí ag cur ár seirbhísí in oiriúint le freastal ar riachtanais cliant. Le linn 2004, fuair 1,689 duine seirbhísí agus iad ag fáil tacaíochta ó fhoireann ildhisciplíneach a raibh taithí mhaith acu agus ardscoilleana faoi cheannas cúigéar Síciatraithe Comhairleacha i mí-úsáid substaintí.

Cuirimid seirbhís chomhairleach agus tacaíochta náisiúnta ar fáil chomh maith leis sin do ghairmithe a bhíonn ag gabháil do chóireáil, chúram agus bhainistiú mhí-úsáid drugaí. Tugtar tacaíocht bhreise dó sin trí pholasaithe, nósanna imeachta agus phrótacaíl a scaipeadh maidir leis an gcleachtas is fearr agus idirghabhálacha liachta agus teiripeacha.

Seirbhísí Cliniciúla Speisialtacha

Measúnacht Shíciatrach agus Liachta Ghinearálta
Cosc agus Cóireáil Ionfhabhtuithe Víreasacha
Idirchaidreamh Mhná Cabhracha
Clinic Shláinte Gnéis

Seirbhísí Chóireáil Liachta

Díthocsainiú (othair chónaitheacha agus eis- othair)
Cláir Chothabháil Meatadóin
Cláir Chobhsaithe
Cúram Príomha
Faire Galair Fola/Víreasacha
Clár Chóireáil Heipitíteas C

Measúnacht Ghinearálta/Shíciatrach

Is fada atá comh-easláine síciatrach aitheanta mar fhadhb an-deacair maidir le cóireáil, cúram agus bainistiú othar a bhfuil stair mhí-úsáid substaintí acu. Léiríonn taighde a rinneadh ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí gur shroich 50% de dhaoine RDC (Critéir Dhiagnóiseacha Taighde) i gcás tinneas dúlagair ag tráth éigin dá saol.

I 2004, rinneadh ar an iomlán 536 measúnú síciatrach. Rinneadh iad sin ar son Cuan Dara, Ospidéal Cherry Orchard, Bharda Naomh Mhichíl, Ospidéal Beaumont, Rutland Centre agus Boird Sláinte. Thacaigh an tseirbhís seo le tús a chur le hidirghabhálacha cóireála iomchuí agus chuir sí ar chumas a gcúram a bhainistiú ag leibhéal áitiúil.

Cosc ar Ionfhabhtuithe Víreasacha

Cuspóir bunúsach dár gcláir chóireáil drugaí is ea scaipeadh tinnis víreasacha a chosc. Déantar an cosc, a sheachadaítear trí sheirbhísí cliniciúla atá tiomanta do HIV agus Heipitíteas a chosc agus a chóireáil, a bhaint amach trí dhianchlár vacsainithe agus scagtha, malairt snáthaide agus clár bholscaireacht sláinte. Is í an aidhm cóireáil éifeachach, d'ardchaighdeán agus atá dírithe ar an gcliánt a sholáthar, a fhaigheann tacaíocht ó réimse sheirbhísí cúram príomha agus ó dhlúthchaidreamh le hospidéal ghinearálta agus le seirbhísí síciatracha.

Seirbhísí Cúram Príomha

Tá ár gcuid seirbhísí cúram príomha leagtha amach le

- Sláinte agus leas cliant a chur chun cinn trí chomhairle, eolas agus chláir oideachais a sholáthar
- Idirghabháil a dhéanamh ag tráth luath den tinneas agus mar sin ag laghdú an baol go dteastódh go géar ón duine dul isteach san ospidéal
- Leanúnachas cúraim a chur ar fáil i gcomhar le hospidéil liachta ghinearálta agus ospidéil shíciatracha, ospidéil mháithreachais, dochtúirí teaghlaigh agus boird sláinte.

Téann réimse Sheirbhísí Cúram Príomha ó othrais, easpaí, gearrthaí agus cnéanna a chóiriú agus/nó comhuimeanna a chur isteach nó a bhaint amach go dtí cógais shíceatrópacha agus ghinearálta a chur ar fáil. Soláthraimid chomh maith leis sin seirbhís a dhéanann riarachán agus monatóireacht ar chógais speisialtachta, e.g., instealladh antaithéachtach, faisnéis liachta ghinearálta, comhairle aiste bia agus súil a choimeád ar mheáchan. Ceann de na seirbhísí cúram príomha lárnacha atá againn is ea maoirsiú a dhéanamh ar chomhchógas teiripe i gcóireáil HIV, chomh maith le riarachán maoirsithe a dhéanamh ar chógais eitinne.

Seirbhísí Siúl Isteach Don Chéad Uair/Éigeandála

Tríd ár tseirbhís mheasúnaithe siúl isteach don chéad uair/éigeandála rinneamar 280 measúnú le linn 2004. Áiríodh ar na buntáistí rochtain dhíreach ar sheirbhísí measúnaithe d'úsáideoirí drugaí agus deis chun seirbhísí iomchuí a phleanáil atá bunaithe ar a gcuid riachtanas.

Seomra Súgartha do Leanáí

Is é an éiteas a bhaineann leis an seomra súgartha do leanáí ná socrú inspreagtha, sábháilte agus taca atá dírithe ar an leanbh a sholáthar do leanáí a thagann go dtí an gclinic in éineacht lena dtuismitheoirí nó lena gcaomhnóirí. Tá an seomra súgartha do leanáí leagtha amach ar shlí a spreagfaidh leanáí lena a gcumas aonair féin agus sóisialta a fhorbairt agus a leathnú. Tugtar ugach do leanáí iad féin a chur chun cinn i dtimpeallacht atá sábháilte, sona agus struchtúrtha. Gníomhaíonn an tseirbhís chomh maith mar acmhainn do thuismitheoirí.

Ar an iomlán ba é líon na gcuartheanna ag leanáí ar an seomra súgartha ná 3,365 cuairt. Is ionann an figiúr seo agus os cionn 280 cuairt ar an seomra súgartha gach mí nó os cionn 65 cuairt in aghaidh na seachtaine. Le linn na bliana d'oibrigh an seomra súgartha le 200 leanbh aonair agus 112 teaghlach.

Leanann an rannán ag obair i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) i gCearnóg Mhóinseo chun socrúchán a sholáthar faoina gcomhlánaíonn mac léinn coláiste taithí oibre bliana sa seomra súgartha.

Cuireadh taispeántas geamaireachta ar siúl do na leanáí ag am na Nollag. Tugadh deis do na leanáí chomh maith páirt a ghlacadh i roinnt ranganna ealaíne nuair a tháinig mic léinn go seachtainiúil ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) Sráid Chaoimhín agus rinne siad tionscnaimh ealaíne éagsúla leis na leanáí. Tugaimid aitheantas dá dtacaíocht leanúnach.

Eagraíodh seachtain chúram fiacaile i gcomhar le Colgate. Ba í an aidhm a bhí leis seo ná na leanáí a spreagadh chun a gcuid fiacal a ghlanadh go rialta agus chun aire fiacaile mhaith a chleachtadh. Ullmhaíodh bileog eolais do thuismitheoirí ag míniú na seirbhíse agus ár ról laistigh den ionad agus thionólamar lá oscailte do thuismitheoirí chomh maith.

Mar chuid den cheiliúradh 35 bliain agus i gcomhar le Bus Átha Cliath, eagraíodh dhá thuras do na leanaí ar an Viking Splash Tour agus go dtí Teach Newbridge i mBaile Átha Cliath Thuaidh. D'éirigh go hanmhaith leis na turais seo agus bhain na leanaí an-taitneamh astu.

I 2005 táimid ag tnúth lenár seomra súgartha nua a fhorbairt a chuimseoidh áit shúgartha amuigh do na leanaí agus an áis chun freastal ar leanaí faoi bhun aon bhliain d'aois.

Seirbhísí Comhairleoireachta agus Thacaíocht Theaghlaigh

I 2004 d'oibrigh ár gComhairleoirí mar chuid d'fhoirne ildhisCIPLíneacha chun seirbhísí comhairleoireachta aonair agus grúpa a sholáthar. Ba í fíís an rannáin chomhairleoireachta riamh agus is í a fhís i gcónaí ná a bheith aitheanta as na caighdeáin is airde eiticí comhairleoireacha, oideachais agus cleachtais a sheachadadh agus a chaomhnú ar mhaithe le hothair, leis an bpobal agus leis an ngairm. Cabhraíonn an fhoireann le cliaint ceannas a ghlacadh ar a saoil agus tuiscint a fháil ar cén fáth a dtig le daoine aonarach a bheith diúltach ó thaobh iompair de ach go bhfaighidh siad fios, bheifí ag súil leis, trí chomhairleoireacht ar chonas athruithe dearfacha a dhéanamh ina saoil. Go minic is amháin trí labhairt le duine nach bhfuil baint aige/aici lenár saol go dtosaimid ag cloisteáil cad atáimid á rá agus ag mothú i ndáiríre. Tairgeann comhairleoireacht an deis seo do gach cliant ar leith. I 2004, ba é líon na dtinreamh le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta ná 3,416.

Le linn 2004 sholáthair an rannán socrúcháin do cheithre mac léinn a chuimsigh seirbhísí maoirseachta agus comhairleoireachta i gcomhar le coláistí tríú leibhéal: Coláiste na Tríonóide agus Coláiste LSB/DBS. Ar feadh na bliana bhí comhairleoirí forghníomhach maidir le cuairteanna a éascú ag gairmithe ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha eile chun críche eolas agus saíneolas a roinnt.

Seirbhísí For-Rochtana

Oibríonn na foirne ildhisCIPLíneacha i gcomhairle leis an gcliant chun a gcuid riachtanas, a gcóireáil agus a roghanna athshlánaithe a aithint agus chun plean cúraim aonair iomchuí a fhorbairt. Chomh maith leis sin bíonn seirbhísí for-rochtana i mbun seirbhísí a sholáthar do chliant ó thaobh saoráidí othar cónaitheacha agus eis-othar a phleanáil. Bíonn idirchaidreamh ag an rannán le grúpaí reachtúla agus deonacha laistigh den phobal. Soláthraítear iarchúram, cur chun cinn sláinte agus tacaíocht idirghabhála géarchéime do chliant agus a dteaghlaigh.

Bíonn ról lárnach ag for-rochtain i gcónaí ó thaobh ár liosta feithimh a bhailíochtú, ag cinntiú go bhfuil tuarascáil stádais reatha againn agus go leanaimid i dteagmháil le cliant ar an liosta. I gcomhpháirtíocht le seirbhísí do dhaoine gan dídean, tá úsáideoirí drugaí a bhfuil cóireáil de dhíth orthu go géar aitheanta againn agus, le linn 2004, thugamar tosaíocht do 18 duine ar theastaigh cóireáil thapaidh uathu. Chabhraigh tionscnamh den sórt sin chun aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar riachtanais ghéara na ndaoine sin atá ní hamháin gan dídean ach a bhfuil cóireáil de dhíth uathu.

I 2004, chuir for-rochtain tús le leasú a dhéanamh ar phlean cúraim praiticiúil agus éifeachtach. Le teacht i bhfeidhm ár gCóras Othar Leictreonach (EPS) beidh sé mar uirlis chaighdeánach.

Seirbhísí Obair Shóisialta

Feidhmíonn an Rannán Obair Shóisialta mar chuid d'fhoireann ildhisCIPLíneach. Oibríonn sí córas oibre lárnach a sholáthraíonn réimse seirbhísí, ar a n-áirítear idirghabháil luath agus tráthúil le teaghlaigh "atá i mbaol". Tugtar tacaíocht dó sin trí phléideáil agus idirchaidreamh le

gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha. Leanann na grúpaí cliant atá bunaithe le ról fíorthábhachtach a bheith acu maidir le hathshlánú cliant i réimsí a bhaineann le feasacht alcóil, liteartha agus ceoil. I 2004, bhí 4,474 tinreamh le haghaidh seirbhísí obair shóisialta.

Sholáthair an Rannán Obair Shóisialta socrúcháin mac léinn chomh maith i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Seirbhísí Idirchaidrimh Mhná Cabhracha

Leanaimid ag soláthar seirbhísí idirchaidrimh mhná cabhracha le haghaidh ár gcliant i gcomhar leis na Boird Sláinte Limistéar agus leis na trí ospidéal máithreachais i mBaile Átha Cliath. Is í an aidhm ná a chinntiú go mbíonn rochtain ag mná atá ag iompar clainne ar agus go bhfaigheann siad cúram réamhbheithe agus iarbheithe cuimsitheach. I 2004, bhain 165 bean leas as an tseirbhís sin. Gníomhaíonn an fhoireann mná cabhracha mar acmhainn eolais agus oideachais do na foirne níos leithne laistigh dár n-ionad.

An Rannóg Altranais

Leanann ár bhfoireann altranais lena ról lárnach maidir le cúram cliant d'ardchaighdeán a chomhordú, a mheasúnú, a phleanáil agus a sheachadadh. I 2004, leanadar ag seachadadh seirbhísí altranais den scoth i gcomhar le disciplíní agus gníomhaireachtaí eile. Chomh maith leis sin leanann an fhoireann ag cur chun cinn sláinte agus leas cliant trí chláir chomhairle, fhaisnéise agus oideachais a chur ar fáil.

Tacaíonn an fhoireann altranais le plananna cúraim agus bealaí a fhorbairt a chinntíonn córas aistriú cúraim gan bhriseadh i bhfeidhm ónár tseirbhís treasach go dtí príomhsheirbhísí agus seirbhísí tánaisteacha.

Le linn 2004, bunaíodh Cumann Altranais Irise atá mar fhóram le haghaidh altraí chun paimfléid, ailt agus léirmheastóireachtaí reatha altranais a chur i láthair agus a mhalartú. Chríochnaigh beirt altraí Baitsiléireacht i Staidéir Altranais. Chríochnaigh tríur dár gcuid altraí Dioplóma i Staidéir Andúile agus ina dhiaidh sin chuir siad a gcuid fionnachtana sa réimse seo i láthair mar cheardlanna oibre faoi na hábhair a leanas: anlucht, uirlis mheasúnaithe do chúram cneá agus an fhoirm mheasúnaithe tosaigh a leathnú chun cliant dhédhiagnósach a aithint. Críochnaíodh cúrsa athnuachana in Athbheochan Scamhógach Croí (CPR) .

Tacaítear le agus spreagtar forbairt ghairmithe leanúnach trí chabhrú le haltraí freastal ar chúrsaí maidir le hionfhabhtuithe a tharchuirtear go gnéiseach, ar chomhdháil faoi chanabas, ar laethanta stáidéir faoi láimhsiú láimhe, idirghabháil neamhfhóiregnéach, heipeateolaíocht phriocadh féithe, garchabhair cheirde agus cúram cneá.

Grúpa Ceoil

Tá meas againn ar an maitheas a bhaineann le ceol mar idirghabháil theiripeach laistigh dár n-eagraíocht. Is í aidhm an ghrúpa ceoil, a bunaíodh i 2001, talainn chruthaitheacha ár gcliant a chur chun cinn agus cur i láthair a éascú trí mheán an cheoil. Déantar éascaíocht don ghrúpa ag ár bhfoireann chruthaitheach agus ilthréitheach agus tá an grúpa anois mar chuid dhílis de na seirbhísí a sholáthraimid.

Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta

Tá ár bpearsanra riaracháin agus tacaíochta riachtanach lena chinntiú go seachadtar réimse leathan seirbhísí go héifeachtúil agus go héifeachtach. Áirítear leo sin pearsanra ó airgeadas, acmhainní daonna, fáilte agus taifid liachta, rúnaithe d'fhoirne cliniciúla, oifigigh chléireachais, Oigigeach TE, cúntóirí ginearálta, maoirseoir foirgníochta, foireann a bhíonn i gcionn an tí, foireann ghlantóireachta ar chonradh agus foireann slándála. Tugann an Bord aitheantas don sárobair a dhéanann na foirne seo dár n-eagraíocht.

Ag Oiriunú

Seirbhísí Leasa

Leanann ár seirbhísí leasa a bunaíodh i 2002 ag obair leis an gcliant agus i gcomhar lenár bhfoirne ilhdisciplíneacha agus le gníomhaireachtaí seachtracha. Tá ról pléideála láidir ag an tseirbhís thar ceann na gcliant ar fad agus í i gcónaí ag lorg, ag bunú, ag coimeád agus ag láidriú nasc leis na gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha araon.

Fuarthas 1,718 fiosrúchán in iomlán i 2004 méid is ionann agus méadú 12% ar fhiosrúcháin 2003. Ba fhachtóir suntasach iad saincheisteanna cóiríochta agus tithíochta i gcónaí ó thaobh daoine a chur ar aghaidh chuig an tseirbhís le hiomlán de 958 cás, méid ab ionann agus 55% de na fiosrúcháin ar fad. Is í aidhm na seirbhíse a chinntiú go mbeidh rochtain éasca ag gach cliant ar an tseirbhís.

I 2004, chuireamar lenár gcuidreamh le heagraíochtaí reachtúla agus deonacha eile ar a n-áirítear: Simon Outreach Bhaile Átha Cliath, Cóiríocht Bhrú Simon Bhaile Átha Cliath, Aonad Tithíochta Access, Aonaid do Dhaoine gan Dídean, Bainistíocht Eastát Chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath agus Táirseach. Tá líon na ndaoine atá ag codladh amuigh ag isliú agus bhí ar ár gcumas cliant a chur i gcóiríocht go tapaidh agus sa chaoi sin, trí thimpeallacht sheasmhach a sholáthar, bhí cliant in ann páirt a ghlacadh sna cláir. D'éirigh linn 35 duine a chur i gcóiríocht phríomháideach ar cíós.

Ag Forbairt

Oideachas agus Oiliúint

Agus í ar an tseirbhís chóireála is faide bunaithe sa tír, le taithí de bhreis is 35 bliain, bhí ról ar leith againn maidir le hoiliúint agus oideachas leanúnach a chur ar ghairmithe sa réimse mhí-úsáid substaintí. Éiríonn linn é sin a dhéanamh trí chlár oiliúna fhoirmiúla, shocrúcháin agus chúrsaí. In éineacht le socrúcháin mac léinn eagraítear cuairteanna cliniciúla do mhic léinn chomh maith.

I 2004, leanamar ag soláthar oiliúna don tseirbhís phríosúin, d'institiúidí tríú leibhéal, do bhoird sláinte agus do ghairmithe eile. Cuid lárnach d'eiteas ár n-eagraíochta is ea oideachas leanúnach. Soláthraíodh breis oideachais agus oiliúna do ghrúpaí tacaíochta, do phríosúnaigh agus do chliant in ionaid atshlánaithe.

Chuir an Dochtúir Shay Keating breis oiliúna ar fáil faoi Heipitíteas C do mhic léinn in institiúidí tríú leibhéal éagsúla. Ina theannta sin, soláthraíodh seisiúin oideachais d'fhoireann chliniciúil atá ag obair sa réimse mhí-úsáid substaintí.

Dochtúirí Ospidéal Neamh-Chomhairleacha

Tá oiliúint speisialtach á soláthar againn i gcónaí do 15 Dochtúir Ospidéal Neamh-Chomhairleach (NCHDanna) tríd an rannpháirtíocht atá againn i scéimeanna oiliúna arna gcreidiúnú ag Coláiste Ríoga na Síciatraithe agus ag Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann.

Soláthraimid socrúcháin d' oiliúnaithe a bhíonn rannpháirteach sna Rothluithe Oiliúna in Ollscoil Bhaile Átha Cliath, in Ospidéal Naomh Eoin Baisteadh agus in Ospidéal an Mater. Tá na rothluithe seo arna gcreidiúnú ag Coláiste Ríoga na Síciatraithe.

I 2004, thug Comhairle na nDochtúirí Leighis cuairt ar an Ionad agus dhearbhaigh sí go leanfaidh dochtúirí cláraithe sealadacha de bheith ag fáil oideachais ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí. Cuirimid fáilte roimh chuartheanna den sórt sin atá an-tábhachtach lena chinntiú go leanaimid ag soláthar caighdeán oiliúna den chleachtas is fearr do dhochtúirí a bhíonn ag obair sa réimse mhí-úáid substaintí.

Socrúcháin Fostaíochta

Mar sholáthróir seirbhíse atá chun tosaigh sa réimse mhí-úsáid substaintí déanaimid éascaíocht ar oiliúint ghairmiúil trí shocrúcháin. Is cuid d' oiliúint roinnt gairmeacha agus disciplíní éagsúla iad seo. Bíonn deis ag na rannpháirtithe na gnéithe iomadúla de sheirbhísí chliniciúla speisialtacha agus de chlár chóireála a fheiceáil ón mbun, chomh maith lenár saotharlann náisiúnta anailís drugaí. Le linn 2004, ghlac 163 duine páirt i bhfoghlaim ag an obair. Áiríodh orthu, altraí, oibríthe sóisialta, comhairleoirí, pearsanra otharchairr, síceolaithe, oibríthe chúram leanaí, pearsanra saotharlainne agus cléireachais.

Tairgtear socrúchán aon bhliana do mhic léinn ón Scoil Socheolaíochta ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Agus iad ar shocrúchán inár Seomra Súgartha Leanaí, freastalaíonn mic léinn ar chruinnithe inmheánacha agus seachtracha a bhíonn ag an bhfoireann ilhdisciplíneach. Ligeann sé seo do mhic léinn taithí a fháil ón mbun ar réimse na riachtanas agus na bhfreagraí a chuirtear ar fáil do leanaí a bhfuil fadhbanna mhí-úsáid drugaí ag a gcuid tuismitheoirí.

Tig le mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí comhairleoireachta mar chuid dá n-oiliúint ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste LSB/DBS agus Ollscoil Náisiúnta na Éireann, Má Nuat, glacadh le socrúcháin atá faoi mhaoirsiú ag ár bhfoireann chomhairleoireachta a bhfuil taithí acu.

Soláthraíonn ár Rannán Obair Shóisialta socrúcháin mac léinn gach bliain i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Is obair ard-speisialtach cuid mhaith den obair a dhéantar inár saotharlann. Thar na blianta tá glactha léi ag institiúidí tríú leibhéal mar áit thaithí oibre do mhic léinn atá fiúntach agus a bhfuil tóir mhór uirthi, a ligeann dóibh taithí a fháil i saoráid den scoth. Áirítear orthusan Institiúidí Teicneolaíochta Shráid Chaoimhín agus Tamhlachta, Institiúidí Teicneolaíochta Átha Luain agus Cheatharlaigh agus Sráid Chathail Bhruga.

Teicneolaíocht Chumarsáid Faisnéise

Leanamar ag cur ár Straitéis Theicneolaíocht Chumarsáid Faisnéise (ICT) i gcrích.

I 2004, cuireadh tús le forbairt Chóras Othar Leictreonach a dhéanfaidh cuid mhaith de na sruthanna oibre láimhe atá ann faoi láthair uathoibrítheach, a chuirfidh feabhas ar éifeachtachtaí agus ar chúram custaiméara. Cuirfidh sé feabhas ar ár gcumas tuairiscithe freisin.

Le tacaíocht ó Chlár Thacaíocht Phobail Bhus Átha Cliath, tá tuilleadh feabhais curtha againn ar ár suíomh gréasáin trí chuid dar teideal Ceisteanna a Chuirtear go Minic a thabhairt isteach. Tugaimid aitheantas do Bhus Átha Cliath as a dtacaíocht leanúnach agus gabhaimid buíochas leo.

Acmhainní Daonna

I 2004, lean an rannán ag cur seirbhísí Acmhainní Daonna agus tacaíochta ar fáil. Go hard i gclár oibre an rannáin bhí feachtais earcaíochta, tionscnaimh oiliúna agus fhorbartha agus pleanáil dhaonchumhachta. Leanamar ag gníomhú mar acmhainn do bhainisteoirí líne agus do mhaoirseoirí lena chinntiú go leanaimid ag seachadadh seirbhíse d'ardchaighdeán.

Ag deireadh 2004 bhí foireann iomlán aontaithe de 109.48 (líon foirne is ionann agus an líon foirne fostaithe go lánaimseartha) ag an mBord arna maoiniú ag Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir.

Ba é 1:2 an cóimheas fir le mná. Chomh maith leis sin i 2004 bhain an Bord amach a sprioc 3% ó thaobh daoine le míchumas atá fostaithe ag an tSeirbhís Phoiblí.

Le linn 2004 mar chuid d'aitheantas an Bhoird do 35 bliain seirbhíse, ghabh an logó "35 Years On" le feachtais earcaíochta. Táimid mórtasach as ár gcumas foireann atá ardcháilithe agus le taithí mhaith a mhealladh. Baintear é seo amach trí straitéisí a gclúdaíonn feachtais earcaíochta nuálacha. Le linn 2004, bhí 6 feachtas earcaíochta seachtrach agus 5 ceann inmheánach. Bhí méadú mór ar ghníomhaíocht earcaíochta sa bhliain i gcomparáid leis an mbliain roimhe, méadú de bhreis ar 50%.

Don dara bliain as a chéile ainmníodh an Bord don ghradam tionscail cáiliúil le haghaidh foirfeachta i bhfógraíocht earcaíochta. Tugtar aitheantas do na gradaim "Excellence in Recruitment Advertising"(EIRA) go forleathan toisc go n-aithníonn siad fógraí earcaíochta a bhíonn ag féachaint chun cinn agus breathnaítear orthu mar na gradaim is cáiliúla sa tír. Is cúis mhór bhróid don Bhord glacadh leis an ainmniúchán agus déanann sé comhghairdeas leis an rannán as a bhfuil bainte amach acu.

Tugadh aitheantas do Bhliain a 35 den Bhord le roinnt imeachtaí , agus ina measc bhí sraith de sheimineáir tráthnóna. Thug an fhoireann Acmhainní Daonna tacaíocht maidir leis na seimineáir seo a reachtáil. Leanaimid i gcónaí ag déanamh monatóireachta agus measúnaithe ar ár ngníomhaíochtaí chun a chinntiú go bhfuilimid forghníomhach in ár ngníomhartha, go gcuirimid an cleachtas is fearr ar fáil, go soláthraimid luach ar airgead agus go bhfanaimid mar "an fostóir a roghnaítear".

Leanamid chomh maith ag forbairt ár bPolasaí Oiliúna agus Forbartha a chinntíonn go bhfuil rochtain ag gach fostaí ar oiliúint agus ar fhorbairt phearsanta. I 2004, bhí breis is 490 laethanta oiliúna don fhoireann ag tabhairt 4 lá oiliúna ar an meán do gach ball ar leith den fhoireann. I 2004, leanamar ar aghaidh lenár straitéis maidir le hoiliúint T.E. a bhí mar aidhm aici tacú leis an bhfoireann feabhas a chur ar a gcuid scileanna ríomhaireachta. Reachtáladh cúrsaí thar thréimhse trí mhí agus is é a bhí iontu ná r-phost agus Idirlíon, Word, Excel agus Power Point ag leibhéal éagsúla chomh maith le hoiliúint duine le duine. Bhí an líon daoine a ghlac páirt sna cúrsaí seo an-ard, le 75 ball foirne ó na rannáin éagsúla ag baint leasa as an oiliúint.

Leanadh ag tabhairt inspreagtha d'fhostaithe a gcuid oideachais a chur chun cinn agus leas a bhaint as tacaíocht chun freastal ar chúrsaí oiliúna foirmiúla tríú leibhéal, ar a n-áirítear: Teastas i Staidéir Andúile, Céim in Eolaíocht Cheimiciúil, Céim i gCórais Faisnéise, Dioplóma i Staidéir Bhainistíochta, Dioplóma i Liacht Síciatrach, Ard-Dhioplóma i gCúrsa Chleachtas Altranais; MD trí Thráchtas; Ballraíocht den Choláiste Síciatrach Ríoga agus Éireannach; Dioplóma Iarchéime i Síciteiripe mhachnamhach.

I 2004, leanamar ar aghaidh ag cur ár gCóras Acmhainní Daonna ríomhaireachta i bhfeidhm. Thosaigh an córas seo a tugadh isteach i 2003 ag feidmhiú go hiomlán i 2004 nuair a tugadh tuairisciú bhainistíochta isteach. Táimid ag tnúth le forbairt leanúnach ar an gcóras.

Bhí an rannán gníomach chomh maith ag tacú le roinnt tionscnamh arna stiúradh ag an Rialtas, ar a n-áirítear Lá Cothromú Oibre agus Saoil agus Seachtain Frith-Chiníochais san Ionad Oibre. Eagraíodh imeachtaí do na hócáidí seo agus rinne an fhoireann freastal maith orthu.

Sláinte Ceirde

Is í aidhm na seirbhíse sláinte ceirde leas fisiciúil, meabhrach agus sóisialta gach fostaí a oibríonn san Ionad a chur chun cinn agus a chothabháil.

Bunaíodh an rannán i 2001 agus tairgeann sé réimse cuimsitheach seirbhísí gairmiúla lena n-áirítear measúnaithe sláinte (réamhfhostaíocht agus cumas chun filleadh ar an obair), vacsaíniú in aghaidh chontúirtí bitheolaíochta éagsúla—Heipitíteas B ach go háirithe, vacsaín an fliú, measúnaithe riosca, céadchabhair, comhairle shláinte agus shábháilteachta, cur chun cinn sláinte, oideachas sláinte, agus tástáil súl. Déanann an rannán comhordú chomh maith ar oiliúint i ndé-eascláid, céadchabhair, maor dóiteáin, láimhsiú láimhe agus idirghabháil géarchéime neamhfhoréigneach. Ar an iomlán fuair 65 ball foirne oiliúint in Idirghabháil Géarchéime Neamhfhoréigneach. Tá ionadaíocht ag an rannán sláinte ceirde ar fho-choistí éagsúla ar a n-áirítear ár gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta.

Le linn 2004, ba é an tinreamh iomlán chuig an Rannán Sláinte Ceirde ná 364 tinreamh. Leanamar ag forbairt agus ag leathnú ár ról trí fhoirmlíú agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar oiliúint shláinte agus shábháilteachta. Cuireadh clár oideachais agus oiliúna le chéile maidir le vírais fola agus maidir le cosc a chur ar dhochair de bharr shá snáthaide agus tosaíodh ar oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann ar fad a bhíonn chun tosaigh i gcóireáil. Ina theannta sin ullmhaíodh leabhrán ag léiriú na rioscaí a ghabhann le fuil agus itimí faobhracha a láimhseáil agus rinneadh ábhar an leabhráin a chur isteach in oiliúint foirne a bhíonn chun tosaigh i gcóireáil.

I 2005, leanfaimid le hoiliúint a chur ar fáil maidir le láimhseáil láimhe, víorais fola agus cosc a chur ar dhochair shá snáthaide. Tá ar intinn clár chun aire a thabhairt do lámha a chur le chéile d'úsáideoirí lámhainní chun cosc a chur ar alléirgí ruibéir agus fadhbanna craicinn eile a bhfuil baint acu le ceird. I gcomhar leis an Rannán TE cuirfear clár cuimsitheach le chéile maidir le hobair a dhéanamh go sábháilte ar VDUanna.

Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Tá Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí tiomanta go daingean maidir lena dhualgais faoi reachaíocht shláinte agus shábháilteachta a chomhlíonadh agus maidir le timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chruthú agus a choimeád dá fhostaithe, dá chliant agus dá chuirteoirí. Baintear é seo amach trí riachtanais na reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Pléann an Coiste Sláinte agus Sábháilteachta, atá comhdhéanta d'ionadaithe ón bhfoireann, ó bhainistíocht shinsearach agus den ionadaí sláinte agus sábháilteachta, le réimse saincheisteanna a bhaineann le prionsabail agus cleachtais shláinte agus sábháilteachta ag a gcruinnithe míosúla. Leanann an t-ionadaí sábháilteachta, arna thoghadh ag an bhfoireann, de ról gníomhach a bheith aige maidir le tuairimí na foirne a chur in iúl faoi chúrsaí sábháilteachta.

Is cuid lárnach í oiliúint maidir le laghdú a dhéanamh ar bhaol/thitim amach timpistí nó teaghmas. Is samplaí iad den oiliúint a cuireadh ar fáil i 2004 ná bainistiú ar theaghmas tromchúiseach, oiliúint dhochair shá snáthaide agus oiliúint maidir le láimhseáil láimhe.

Rinneadh athbhreithniú ar ráiteas sábháilteachta an Bhoird i 2004 agus rinne gníomhaireacht sheachtrach measúnú riosca sláinte agus sábháilteachta. Ullmhaíodh ráiteas sábháilteachta nua agus tá moltaí an mheasúnaithe á n-athbhreithniú agus á gcur i gcrích ag an gCoiste Sláinte agus Sábháilteachta; leanfaidh an obair ar aghaidh isteach i 2005.

Rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta iniúchadh amháin i 2004. Níor tugadh aon fhógraí toirmisc nó feabhsaithe.

Ráitis Airgeadais

Taispeánann na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 2004 ioncam iomlán €8,089,774 agus den tsuim sin bhí €7,862,884 mar leithdháileadh deontais ó Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir. Léiríonn na ráitis sin barraíocht de €103,685.

Leanann an rannán ag déanamh athbhreithnithe agus uasdhátaithe ar chórais a chabhróidh le heolas bainistíochta a sheachadadh go cuí agus go tráthúil. Tá sé i gcónaí ag iarraidh seirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil dá chustaiméirí seachtracha agus inmheánacha araon.

Ba mhaith linn an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le foireann na Roinne Sláinte agus Leanaí agus Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú le linn 2004.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas (1997)

Is é polasaí ár mBoird an tAcht um Íoc Pras Cuntas (1997) a chomhlíonadh. Tá córais agus nósanna imeachta ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí lena chinntiú go gcuirtear forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas (1997) i bhfeidhm ina n-iomláine. Tá nósanna saineúla i bhfeidhm le gach idirbheartaíocht agus íocaíocht a rianú de réir théarmaí an Achta agus déantar athbhreithniú leanúnach ar na haischuir chuí ón gcóras cuntaosaíochta. Soláthraíonn nósanna imeachta an Bhoird, atá i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr a ghlactar leis, deimhniú réasúnach, ach ní deimhniú iomlán, nach ndéantar an tAcht a shárú. Tá sé mar chleachtas againn chomh maith leis sin athbhreithniú a dhéanamh agus gníomh iomchuí a ghlacadh maidir le haon eachtraí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le sárú ar an Acht. I 2004, chomhlíonaigh an Bord forálacha an Achta go hiomlán agus tá áthas orainn a thuairisciú nach raibh dliteanas ar an mBord as aon íocaíocht úis chuig creidiúnaithe.

Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí
Cúirt na Tríonóide
30-31 Sráid an Phiarsaigh
Baile Átha Cliath 2
Teil: 6488600
Faics: 6488700
r-phost: info@dtcb.ie
suíomh gréasáin: www.addictionireland.ie

Tá leagan Gaeilge den doiciméad seo le fáil ar ár suíomh gréasáin www.addictionireland.ie

Ceiliúradh 35 Bliain

Ba bhliain an-speisialta í an bhliain 2004 toisc go ndearna Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí ceiliúradh ar bhunú na heagraíochta 35 bliain ó shin. Chun aitheantas a thabhairt don ócáid, thionóladar sraith imeachtaí do chliaint agus dá leanaí, dár bhfoireann agus dár macasamhail daoine i seirbhísí cóireála ar fud na cathrach. Ba í buaicphointe na bliana dúinn cuairt an Uachtaráin Máire Mhic Ghiolla Íosa orainn.

Cuairt an Uachtaráin Máire Mhic Ghiolla Íosa

Thug an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa cuairt ar Bhord an Lárionaid Cóireála Drugaí ar an Máirt, 18 Bealtaine 2004, agus nochtaigh sí plaic chun ceiliúradh a dhéanamh ar an DTGB a bheith ann ar feadh 35 bliain. Thug an tUachtarán camchuairt timpeall Cúirt na Tríonóide ag bualadh le cliaint agus leis an bhfoireann agus bhronn an Príomh-Bhithcheimicí, an Dochtúir Richard Maguire, cóta saotharlainne pearsanta di féin amháin uirthi. Labhair an tUachtarán Mhic Ghiolla Íosa le mothúchán agus go heolasach faoi cheisteanna a bhaineann le drugaí agus faoi obair na foirne ag an Ionad. Sula ndeachaigh sí go dtí seomra na foirne le haghaidh bí agus dí, bhronn Gráinne Coulson a bhí tar éis 35 bliain seirbhíse leis an mBord a cheiliúradh le déanaí crobhaing bláthanna ar an Uachtarán.

Seo a leanas roinnt sleachta ó Aitheasc an Uachtaráin:

“ Táimid tagtha le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar agus chun buíochas a ghabháil faoin tríocha is a chúig bliain seirbhíse atá tugtha ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí. Tugann sé deis dom, deis a fháiltim roimhe, chun buíochas a ghabháil libh mar gheall ar thríocha is a chúig bliain d’obair fhíor-riachtanach sa réimse mhí-úsáid substaintí atá, mar is eol do chách, chomh deacair sin. Tá údar maith ag na mílte daoine aonair agus teaghlaigh bheith buíoch díbh as an gcóireáil, as an gcomhairleoireacht, as an tacaíocht agus as an dóchas a thug sibh do shaoil a bhí ar sceabha as eagar trí andúile agus trí mhí-úsáid drugaí. Gach uair a chabhraigh sibh le duine éigin chun an t-aistriú a dhéanamh ó bheith mar fhadhb go dtí a bheith mar fhuascailteoir faidhbe nó gur réitigh sibh fadhb, tá sibh tar éis an duine aonair, an teaghlach, an pobal agus ár dtír a neartú.”

“ Táim cinnte gurb í an mian is ionúine do gach éinne anseo ná nach mbeadh aon ghá a thuilleadh le haghaidh ionad chóireál drugaí tríocha is a chúig bliain ó anois, ach ag breathnú ar an bhfírinne lom bhrúidiúil is ar éigean go dtarlóidh a leithéid. Ach i gclaonadh atá duairc, tá an chosúlacht ar an scéal go bhfuil líon na n-aindúileach ag fás seachas ag laghdú, tá ilghnéitheacht na ndrugaí ag fás chomh maith agus tá tionscal na foghla a chothaíonn andúile agus mí-úsáid ag éirí níos drochthuaaraí, níos foréigní agus níos cumhachtaí. Is cinnte gur léire í 100,000 cuairt cliaint beagnach in aghaidh na bliana den duibheagán riachtanais chomh maith le bhur tiomantas agus fuinneamh.”

“ D’fhorbair, d’athraigh, d’oiriúnaigh, d’fhoghlaim agus mhúin an tIonad seo, an tseirbhís is sine agus is mó sa tír. Tá leathnú tagtha ar na seirbhísí agus cuireadh lena ndoimhne, an teaghlach agus an pobal á dtarraingt isteach agus sibh ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na laigí agus ag iarraidh leas a bhaint as láidreachtaí chomhthéacs an chliaint. Tá raon na dtacaíochtaí agus na seirbhísí sofaisticiúla agus imeascaithe atá ann anois an-difriúil ó na tacaíochtaí agus na seirbhísí a bhí ar fáil sna blianta tosaigh ach tá córas luacha comhaontachta ann a chuireann bonn faoi obair an Bhoird thar na blianta.”

“ Tá súil agam go n-éireoidh go geal le gach uile dhuine díobh agus tá súil agam ach go háirithe go n-éireoidh le gach cliant a úsáideann bhur seirbhís an rud ar mhaith leis/léi agus libh a bhaint amach dóibh féin—saoil shláintiúla, saoil shona, a gcuid tréithe ag neartú an duine féin, an teaghlaigh agus

an phobail. Laistiar díobh tá 35 bliain gaisce agus romhaibh tá bóthar a gcuireann bhur n-obair níos lú eagla orainn ina thaobh.”

Cláir Sheimineár Tráthnóna

Ag glacadh lena bhfuil inár Ráiteas Físe “ gníomhú mar ionad acmhainne agus oiliúna do dhaoine gairmiúla a oibríonn sa réimse a bhaineann le mí-úsáid substaintí” chuireamar tús le sraith sheimineár oideachasúil tráthnóna i 2004. Bhí sraith an Fhómhair ar siúl ag Bord an Lárionaid Cóireála Drugaí agus d’fhreastail breis is 300 toscaire ar an gcúig seimineár ar a n-áirítear gairmithe chúram sláinte agus iad sin a bhíonn ag obair sna gnéithe ar fad de na seirbhísí andúile.

Seirbhís Chuimhneacháin agus Bhuíochais

Ar 7 Deireadh Fómhair 2004 thionólamar Seirbhís Chuimhneacháin agus Bhuíochais. Chum na cliaint agus an fhoireann clár filíochta, léitheoireachtaí, obair ealaíne agus ceoil. Bhí áthas orainn gur chan an t-amhránaí agus an scríbhneoir amhrán, Mr. Luka Bloom, a chuir leis an ócáid an-speisialta seo trí bheith i láthair. I ndiaidh na Seirbhíse, bhí fáiltiú ann a thug deis do chách bualadh lena chéile agus machnamh a dhéanamh ar chúrsaí.

Seachtain Iomlán

Tionóladh Seachtain Iomlán ó 10-14 Bealtaine 2004 do chliaint ag cur raon imeachtaí ar fáil ar a n-áirítear Machnamh, Yoga, Coinní Gruaige, Rang Chúram Craicinn agus Chúram Sláinte, Cneasú Reiki, Suathaireacht Chinn Indiach agus Rang Sláinte d’Fhir. Is mór againn inchur na dteiripí gairmiúla sin a chuir a gcuid ama ar fáil saor in aisce chun an clár iontach imeachtaí seo a chruthú. Bhí deis ag cliaint páirt a ghlacadh sa chlár agus bhain siad taitneamh mór as na himeachtaí.

Gníomhaíochta do Leanaí

San áireamh inár gceiliúradh 35 bliain bhí imeachtaí do leanaí ár Seomra Súgartha. Bunaithe ar aosghrúpaí na leanaí socraíodh turais le linn míonna an tSamhraidh go dtí Teach Newbridge agus a chuid Gairdíní ag Donabate, go dtí Gairdíní na n-Ainmhithe, Baile Átha Cliath, agus go dtí an Viking Splash Tour. Táimid buíoch de Chlár Thacaíocht Phobail Bhus Átha Cliath as a dtacaíocht leanúnach dár n-imeachtaí Theiripe Súgartha. Bhain na páistí agus foireann an Aonad Theiripe Súgartha taitneamh thar na bearta as na himeachtaí.

Lá do Theaghlaigh na Foirne

Ar 24 Iúil 2004 bhí bailiú mór den fhoireann, de chéilí agus de leanaí ag Cumann Rugbaí Chluain Tairbh le haghaidh Fleá Fhulachta (BBQ) Samhraidh don Cheiliúradh 35 Bliain. D’éirigh thar barr leis an imeacht.

Omós dár gCathaoirleach Denis P. McCarthy

Thug an tUasal Dan McGing, Comhalta Boird, omós ar son an Bhoird don Chathaoirleach, an tUasal Denis P. McCarthy, agus bhronn sé dealbh déanta as dair phortaigh air. Is ó shliocht fada teaghlaigh é an tUasal McCarthy a raibh baint acu ó 1909 leis an Otharlann Charthanachta (dá ngairtear Iontaobhas Carthanachta na hOtharlainne Carthanachta) in Ospidéal Shráid Jervis nach bhfuil ann a thuilleadh.

